


LÁMHLEABHAR AN ÚSÁIDEORA



An Clár Bí Sábháilte

LÁMHLEABHAR AN ÚSÁIDEORA



AN CLÁR BÍ SÁBHÁILTE

Scileanna Sábháilteachta Pearsanta do Leanaí

le Rose Cullen, Maria Lawlor agus Deirdre MacÍntyre

Europus a d'aistrigh

© Clár Coiscithe Drochíde ar Pháistí (1998)

ADMHÁIL

Is mian leis an gClár Coiscthe Drochíde ar Pháistí buíochas a ghabháil le gach duine a chabhraigh leis an bpacáiste seo a chur le chéile.

Tá buíochas speisialta tuillte ag:

- Sandra Ratcliffe, Oibrí Sóisialach Eolais agus Liaison Scoile, as ucht an chaibidil faoi mhí-úsáid leanaí a thabhairt cothrom le dáta.
- Marion Hefferon, a rinne léamh profaí agus eagarthóireacht ar an gclár.
- Na múinteoirí, na tuismitheoirí agus na leanaí a ghlac páirt i ndrúchtú an chlár seo.
- Na hoibrithe sóisialacha agus na múinteoirí sin de chuid fhoireann C.C.D.P. a chabhraigh leis an ábhar a chur le chéile.
- An Roinn Sláinte a rinne maoiniú ar an bpacáiste seo.

CLÁR

Brollach	Leathanach	1
An Clár Bí Sábháilte a chur i bhfeidhm sna Bunscoileanna	Leathanach	3
Réamhobair/Obair Chomhthreomhar	Leathanach	6
Ábhair Theagaisc	Leathanach	8
Múineadh an Chláir Bí Sábháilte	Leathanach	9
Bulaíocht	Leathanach	13
Drochíde ar Leanáí	Leathanach	17
Aguisín A Plean i gcomhair Tuismitheoirí a Oiliúint	Leathanach	29
Aguisín B Cruinnithe Tuismitheoirí Ceisteanna agus Freagraí	Leathanach	31
Aguisín C Fógra Samplach do Chruinniú Tuismitheoirí	Leathanach	33
Aguisín D Foirm Thoilithe Shamplach do Thuismitheoirí	Leathanach	34
Tagairtí	Leathanach	35
Acmhainní	Leathanach	36
Eagraíochtaí	Leathanach	37

BROLLACH

Is clár scileanna sábháilteachta pearsanta do bhunscoileanna é an clár Bí Sábháilte. Tá sé mar aidhm ag an gclár drochíde ar leanaí a chosc mar aon le saghasanna eile ansmachta a chosc freisin. Ba cheart go múinfi an clár i gcomhthéacs Oideachais sláinte, phearsanta agus shóisialta. Cothaíonn OSPS forbairt an duine daonna mar indibhidiúl agus mar dhuine a mhaireann sa tsochaí. (N.C.C.A. dréachtchuracalam 1997). Is próiseas comhoibríthe é cur i bhfeidhm an chlár Bí Sábháilte ar nós snáth eile de churacalam OSPS a bhfuil ról ag tuismitheoirí, ag múinteoirí, ag Boird Bhainistíochta, agus ag an bpobal i gcoitinne ann chun leanaí a choimeád slán sábháilte agus chun drochíde ar leanaí a chosc trí oideachas i scileanna sábháilteachta.

An Clár Coiscthe Drochíde ar Pháistí

Bunaíodh an Clár Coiscthe Drochíde ar Pháistí (CCDP) sa bhliain 1987 mar thoradh ar mhéadú millteanach a bheith tagtha ar líon na gcásanna de dhrochíde ar leanaí. Cuireann an clár seo cur chuige cuimsitheach ar fáil chun gach saghas ansmacht leanaí a chosc. San áireamh ann tá oiliúint ar mhúinteoirí, oideachas do thuismitheoirí agus oideachas i sábháilteacht phearsanta do leanaí ag leibhéal na bunscoile. Ba iad Deirdre MacIntyre, Síceolaí Leanaí Cliniciúil Sinsearach, agus an Dr. Maria Lawlor, Síciatraí Comhairleach Leanaí, i gcomhairle leis na páirtneoirí oideachais go léir, a dhear an clár Bí Sábháilte a foilsíodh den chéad uair sa bhliain 1991. Rinne Rose Cullen, Múinteoir agus Comhordaitheoir an Chláir, leasú ar an gclár chomh maith lena thabhairt cothrom le dáta i gcomhairle leis na húdair.

Taighde

Is toradh ar thaighde leathan é an clár Bí Sábháilte agus bhí staidéar píolótach ann faoi ag an tús, staidéar follasaithe, agus bhí suirbhé de chuid na Roinne Oideachais mar chuid de.

Staidéar Píolótach

Ba mar thoradh ar chéim píolótach dhá bhliain a tháinig roimhe é an clár Bí Sábháilte. Léirigh torthaí an staidéir píolóta sin go soiléir gur fhoghlaim na leanaí na coincheapanna agus na scileanna sábháilteachta a múineadh sa chlár Bí Sábháilte agus gur fhan siad acu. Bhí siad in ann ócáidí ina mbeadh úsáid na straitéisí sábháilteachta

cuí a aithint agus bhí a fhios acu cén chaoi le cabhair a lorg i gcás ansmachta. Thuairisc na leanaí gur thaitin an clár leo agus níor bhraith siad gur chuir an t-ábhar eagla orthu. Thaispeáin na torthaí go raibh cuimhne ag na leanaí ar an eolas a shealbhaigh siad i rith an chlár i ndiaidh thréimhse trí mhí. Mhéadaigh féin-mheas na leanaí de réir tomhas caighdeánach go mór toisc iad a bheith páirteach sa chlár. Bhí níos mó eolais ag tuismitheoirí agus ag múinteoirí faoi dhrochíde leanaí agus bhí siad níos muiníní astu féin maidir lena gcumas chun déileáil leis nuair a nochtófaí scéal drochíde agus chun cabhair a fháil ó na seirbhísí atá ar fáil. Thuairisc na múinteoirí go léir a ghlac páirt sa chlár gur thaitin an clár leis na leanaí ina gcuid ranganna. B'amhlaidh scéal ag na tuismitheoirí agus cheap 100% díobh sin a ghlac páirt sa chlár go mba chóir do gach leanbh oideachas i scileanna sábháilteachta pearsanta a fháil.

Tionchar ar Nochtadh

Léirigh straidéar eile a rinne Deirdre MacIntyre sa bhliain 1995 gur chabhraigh an clár le drochíde ghnéis a nochtadh i gach aois ghrúpa idir bhuaicillí agus chailíní. Bhí seans níos fearr ann go n-inseodh leanaí a ghlac páirt sa chlár dá dtarlódh go mbeadh ansmacht á himirt orthu agus bhí seans níos fearr ann chomh maith go dtabharfadh na múinteoirí agus na tuismitheoirí aird ar na leanaí ar bhealach a thairg níos mó cosanta agus tacaíochta dóibh.

Measúnú de chuid na Roinne Oideachais

Rinne an Roinn Oideachais meastóireacht neamhspleách ar an gclár sa bhliain 1995. Thuairisc an suirbhé: "It is evident from this report that there is strong support for the Stay Safe programme in schools from parents, teachers, principals and chairpersons. They have indicated clearly that they would like to see schools continue to teach it".

Leasuithe

Tá na leasuithe seo a leanas déanta ar an gclár ó dréachtaíodh ar dtús é.

1. Clár cheithre shraith tugtha isteach ina bhfuil ceachtanna do:
 - Naíonáin shinsearacha

- Rang a haon agus Rang a dó
 - Rang a trí agus Rang a ceathair
 - Rang a cúig agus Rang a sé
2. Bí Sábháilte - Eolas do Thuismitheoirí curtha le chéile agus ar fáil go náisiúnta.
 3. Clár ar leith a chur le chéile do leanaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu : Scileanna Sábháilteachta Pearsanta do Leanaí a bhfuil Deacrachtaí Foghlama acu (1996).
 4. Físeán nua agus ábhar múinteoireachta athbhreithnithe a chur le chéile a luíonn isteach le treoracha NCCA ar Oideachas sláinte, pearsanta agus sóisialta (1998).

CUR I BHFEIDHM AN CHLÁIR BÍ SÁBHÁILTE SNA BUNSCOILEANNA

Tá trí phríomhfhreagracht ar bhunscoileanna maidir le drochíde ar leanaí a chosc.

- Ba chóir go mbraithfeadh leanaí muiníneach i dtimpeallacht na scoile agus go mothóidís sábháilte inti. Ba cheart go dtuigfidís go bhfuil cion orthu sa scoil agus go dtabharfar aird agus réiteach ar a gcuid fadhbanna. Tá freagracht ar gach ball foirne maidir leis sin. Tá tábhacht ag baint le caidreamh maith a bheith idir an scoil agus eagraíochtaí seachtracha chun an timpeallacht chaomhnaithe seo a chruthú do na leanaí.
- Tá ról lárnach ag an scoil maidir le scileanna sábháilteachta pearsanta a sholáthar. Mar oideachasóirí, is féidir leis na múinteoirí an chéad bhlaiseadh a thabhairt do leanaí ar na scileanna sábháilteachta atá sa chlár Bí Sábháilte agus deis a thabhairt dóibh na scileanna áirithe sin a chleachtadh chomh fada agus is féidir. Tá treisiú ó na tuismitheoirí rí-thábhachtach chun go n-éireoidh leis an gclár.
- Ba chóir go mbeadh cur amach maith ag gach ball foirne de chuid na scoile go háirithe, príomhoidí, cathaoirligh agus múinteoirí ar threoiríní na Roinne Oideachais faoi conas déileáil go cuí le húdair amhrais faoi dhrochíde nó nuair a nochtófaí drochíde ar leanaí.

Soláthraíonn an clár Bí Sábháilte cur chuige cuimsitheach lánpháirtiúil atá céimnithe de réir forbartha chun scileanna sábháilteachta pearsanta a mhúineadh do leanaí. Clúdaíonn an tasc seo:

- Oiliúint inseirbhíse/inghairme d'fhoireann na scoile.
- Oideachas tuismitheoirí.
- An clár Bí Sábháilte do leanaí.

Oiliúint d'Fhoireann na Scoile

Tá sé tábhachtach go mbeadh gach ball foirne de chuid na scoile páirteach in oiliúint chuimsitheach roimh thosú ar an gclár. Mar chuid den oiliúint a chuireann an Clár Coiscthe Drochíde ar Pháistí ar fáil tá:

- Na catagóirí éagsúla drochíde a dhéantar ar leanaí agus bulaíocht a thuiscint.
- An réamhobair is gá don leanbh a dhéanamh roimh cheachtanna Bí Sábháilte a mhúineadh a aithint.

- Eolas maith ar cheachtanna Bí Sábháilte lena n-áirítear mionphlean cén chaoi ab fhéidir na ceachtanna a mhúineadh do na leanaí sa rang nó sa scoil.
- Tuiscint cén chaoi is féidir na scileanna sábháilteachta pearsanta a threisiú síos tríd an gcuracalam.
- Léargas ar threoiríní na Roinne Oideachais maidir le húdair amhrais faoi dhrochíde ar leanaí a thuairisciú. Cinntíonn sé sin go bhfuil gach ball foirne de chuid na scoile soiléir faoin bpróiseas ba cheart dóibh a leanúint dá dtiocfadh cás faoi bhráid bhall foirne.
- Léargas ar mhodhanna an Bhord Sláinte maidir le déileáil le tuairiscí faoi dhrochíde ar leanaí.
- Cód dea-iompair d'fhoireann na scoile a athbhreithniú nó a leagadh amach chun a chinntiú go bhfuil an caidreamh idir baill foirne agus daltaí in oiriúint d'aois, d'inscne agus do chumas na ndaltaí "In special situations, (i. e. special schools, the Early Start Programme), where children require assistance with toileting or showering, there should be a clear school policy which protects adults and children alike. Teachers should endeavour to balance the need for assistance with the child's rights to privacy and should continually strive towards helping the child to acquire independence" (I.N.T.O. 1996)
- Oideachas don fhoireann thánaisteach maidir le sábháilteacht phearsanta leanaí.
- Plean scoile maidir le drochíde ar leanaí agus bulaíocht a chosc a fhorbairt mar chuid lánach den OSPS.

Oideachas Tuismitheoirí

Cuid lánach den chlár is ea ról na dtuismitheoirí. Tá Bí Sábháilte: Eolas do Thuismitheoirí, foilsithe ag an gClár Coiscthe Drochíde ar Pháistí, ar fáil do gach tuismitheoir. Cuireann an CCDP oiliúint ar fáil do thuismitheoirí maidir le Bí Sábháilte agus a mbaineann leis. Tá sé rí-thábhachtach go reachtálann an scoil cruinniú idir múinteoirí agus tuismitheoirí faoin gclár Bí Sábháilte nuair a bhíonn an clár á mhúineadh do leanaí den chéad uair. Tharlódh go dteastódh ó scoileanna áirithe cruinniú eile a reachtáil nuair a bheadh na leanaí níos sine. Tá seans níos fearr ann go mbeadh daltaí sna ranganna sinsearach in ócáidí go mbeadh

CUR I BHFEIDHM AN CHLÁIR BÍ SÁBHÁILTE SNA BUNSCOILEANNA

orthu roghanna a dhéanamh maidir lena sábháilteacht phearsanta féin.

Féach na hagusíní maidir le heolas faoi chruinnithe tuismitheoirí CCDP.

Is iad na haidhmeanna atá ag an oiliúint seo ná:

- A chinntiú go bhfuil eolas cruinn ag tuismitheoirí agus ag cosantóirí faoi na saghasanna go léir drochíde ar leanaí agus bulaíochta atá ann.
- Tuismitheoirí a chur ar an eolas i dtaobh an ról tábhachtach atá acu maidir le leanaí a chosc ó dhrochíde agus ó bhulaíocht.
- Cuidiú le tuismitheoirí cabhair a thabhairt dá gcuid leanaí maidir le:
 - Mothúcháin a aithint agus a chur in iúl
 - Féin-mheas agus teanntás
 - Scileanna sóisialta agus beannachtaí cuí
 - Teorainneacha phearsanta agus spás coirp.
- Caidreamh a fhorbairt agus dá bhrí sin cabhrú le leanaí dul i muinín a gcuid tuismitheoirí. Ní inseoidh leanaí faoi nithe a bhíonn tromchúiseach ach amháin sa chás go bhfuair siad toradh cheana i gcás fadhbanna beaga a bhí acu.
- A chur ar chumas na dtuismitheoirí cabhrú lena gcuid leanaí scileanna sábháilteachta phearsanta a shealbhú trína gcur ar an eolas faoi cheachtanna Bí Sábháilte.
- Timpeallacht tacaíochta a chur ar fáil inar féidir le tuismitheoirí cúrsaí drochíde ar leanaí a iniúchadh agus aon cheist a bheadh acu a chur.

An Clár Bí Sábháilte do Leanaí

Beidh rialacha foghlamtha ag an gcuid is mó de na leanaí a chabhróidh leo iad féin a chosaint, m.sh. sábháilteacht bóthair agus sábháilteacht uisce. Ba chóir go mbeadh sábháilteacht phearsanta ina chuid nádúrtha d'oidreachas gach linbh.

Is é an aidhm atá ag an gclár Bí Sábháilte ná an baol a laghdú maidir le drochíde ar leanaí agus bulaíocht. Déanann an clár forbairt ar chumas na leanaí ócáidí nó eachtraí drochíde a aithint, a thuairisciú agus cur ina gcoinne.

Múineann an clár Bí Sábháilte do leanaí conas iad féin a chosaint ach ag an am céanna fágann sé acu an tuiscint gur áit shlán shábháilte go bunúsach é an domhan timpeall orthu. Cuireann an cur chuige seo ar chumas na leanaí smacht a fháil ar ócáidí, a bheith teanntásach, agus cabhair a lorg d'aon fhadhb a bheidh acu. Múineann an clár straitéisí simplí chun déileáil le hócáidí a d'fhéadfadh a bheith dáinséarach agus tugtar deis do na leanaí na straitéisí seo a chleachtadh sa seomra ranga. Déantar scileanna de na straitéisí, dá bhrí sin, a bheidh mar chuid d'iompar féinchosanta an linbh.

Is iad na haidhmeanna atá ag an gclár ná:

- Cabhrú le leanaí mothúcháin atá sábháilte agus nach bhfuil sábháilte a aithint agus a chur in iúl.
- Na scileanna sábháilteachta chun déileáil le gnáth-ócáidí neamhshábháilteachta ar nós a bheith ag dul amú a mhúineadh do na leanaí.
- Na leanaí a spreagadh chun meas a bheith acu ar chairdeas agus scileanna a mhúineadh dóibh a bhaineann le cairde a dhéanamh agus a choimeád.

CUR I BHFEIDHM AN CHLÁIR BÍ SÁBHÁILTE SNA BUNSCOILEANNA

- Na straitéisí sábháilteachta chun déileáil le bulaíocht a mhúineadh do na leanaí.
- A mhúineadh do na leanaí nach nglactar le bulaíocht ar dhaoine eile.
- Leanaí a spreagadh chun meas a bheith acu ar ghnáthchion agus taitneamh a bhaint as.
- A mhúineadh do leanaí conas déileáil le teagmháil choirp atá mí-oiriúnach nó neamhshábháilte.
- An rial a mhúineadh - ná coimeád teagmháil choirp go deo faoi rún.
- Cabhrú leis na leanaí an difear idir rún atá go maith agus rún nach bhfuil go maith a aithint.
- Cabhrú leis na leanaí na daoine fásta arbh fhéidir leo drochrún a roinnt leo, a liostáil agus deis a thabhairt dóibh cleachtadh ar insint a dhéanamh.
- A shoiléiriú do leanaí cad is strainséirí ann.
- Straitéisí sábháilteachta a thabhairt do leanaí chun déileáil i gceart le strainséirí.

RÉAMHOBAIR / OB AIR CHOMHTHREOMHAR

Ba cheart go múinfi an Clár Bí Sábháilte i gcomhthéacs Oideachas sláinte, phearsanta agus shóisialta. Tá an clár bunaithe ar na buneilimintí seo a leanas (a bhfuil gach ceann acu ina chuid lárnach de churaclam OSPS).

1. Féin-mheas leanaí a chothú.
2. Féin-mhuinín leanaí a chruthú.
3. Cabhrú le leanaí a bheith teanntásach.
4. Cabhrú le leanaí a gcuid mothúchán a aithint agus a chur in iúl.

I gcomhthéacs leathan an OSPS moltar an réamhobair / obair chomhthreomhar seo a leanas.

Mothúcháin

Sula gcuirtear na ceachtanna Bí Sábháilte i láthair, tá sé tábhachtach gur féidir le leanaí mothúcháin áirithe a aithint agus a ainmniú agus go mbeidh go leor deiseanna acu chun ábhar na mothúchán a phlé go ginearálta. Is féidir na díospóireachtaí seo a shníomh isteach tríd an gcuraclam in áiteanna ar nós fhorbairt teanga scríofa agus labhartha, oideachas creidimh, drámaíocht, filíocht agus scéalta. Is féidir le tuismitheoirí agus múinteoirí cabhrú le leanaí foghlaim go dtugann ár gcuid mothúchán tuiscint níos fearr dúinn orainn féin. Tá sé tábhachtach chomh maith go bhfoghlaimíonn leanaí conas déileáil le mothúcháin áirithe agus conas iad a chur in iúl sa tslí cheart.

Féin-mheas

Tá sé tábhachtach, chun a chinntiú go gcuirtear an clár i láthair i gceart, go dtapaíonn múinteoirí, tuismitheoirí agus daoine fásta eile a mbíonn tábhacht leo i saol an linbh gach deis chun féin-mheas agus féin-mhuinín an linbh a fhorbairt. Ba chóir, ó cheart, go ndéanfaí na gníomhachtaí a shníomh isteach síos tríd an gcuraclam. Tá sé tábhachtach gurb iad na straitéisí céanna a d'úsáidí sa scoil agus sa bhaile.

Is é an teaghlach an timpeallacht fhoghlama is tábhachtaí ó thaobh an linbh fós. De réir taighde a rinne Coopersmith (I.N.T.O., 1995) leagadh béim ar thrí bhunchoinníoll atá lárnach ar ardmhothú féin-mheasa a fhorbairt i dtimpeallacht an bhaile:

- Grá agus cion neamhchoinníollach.

- Teorainneacha soiléire a chur i bhfeidhm go seasta.
- Méid shoiléir measa ar na leanaí a bheith le tabhairt faoi deara

Bíonn an bhunchloch ar a dtógann leanaí a gcuid féin-mheasa leagtha amach sula dtagann siad ar scoil. D'fhéadfadh, áfach, go mbeadh tionchar an-mhór ag taithí an linbh ar scoil ar a c(h)uid féin-mheasa. “Baineann trí choinníoll le cruthú ethos agus atmaisféir a chuidíonn leis an gcineál foghlama a mhéadaíonn an fhéinmheas. Is iad na coinníollacha sin bá, glacadh agus fírinneacht” (INTO 1995)

Tá ardmhothú féin-mheasa riachtanach do shástacht agus do shonas pearsanta an linbh. Tá sé tábhachtach mar sin go dtugann an scoil agus an baile ceann ar aghaidh faoi chur chun cinn fhorbairt chomhleanúnach mhothú ceart féin-mheasa sna leanaí. Tá aire, sábháilteacht agus grá de dhíth ar gach leanbh. Teastaíonn uathu a thuiscint chomh maith go bhfuil meas orthu sa bhaile, sa scoil agus sa seomra ranga.

Féach “Roinnt moltaí chun féin-mheas leanaí a fhorbairt”, ceachtanna Bí Sábháilte.

Teanntás

Is é is brí le teantás ná a bheith in ann seasamh suas ar mhaithe le do chearta gan a bheith bagarthach. “Tá féin-meas agus teanntás fite fuaite ina chéile. Ar bhealach d'fhéadfaí breathnú ar theanntás mar léiriú ar fhéin-mheas” (INTO 1995).

Tugann na ceachtanna Bí Sábháilte cead do leanaí ‘níl’ a rá ag amanna áirithe. Sa tslí sin is féidir leo cabhrú le teanntás leanaí a fhorbairt. Tá comhoibriú agus comhcheangal idir tuismitheoirí agus múinteoirí riachtanach chun a chinntiú go bhfuil comhleanúint idir an scoil agus an baile.

Teorainneacha Pearsanta agus Spás Coirp

Ní mór do leanaí tuiscint a fhorbairt ar spás pearsanta agus ar spás daoine eile. Múintear an bhrí atá le pearsanta agus le príobháideach do leanaí óga. Iarrtar ar na leanaí liostáil a dhéanamh de na daoine a mbeannaíonn siad dóibh go rialta, a gcroitheann siad lámh leo nó a mbeireann siad barróg orthu.

Scileanna Sábháilteachta Eile

Roimh thosú ar scileanna sábháilteachta pearsanta a chur ós comhair leanaí tá sé rí-thábhachtach go mbeadh scileanna sábháilteachta foghlamtha acu i gcúrsaí eile ar nós sábháilteacht bóthair, sábháilteacht uisce, sábháilteacht leighis.

Forbairt Ghluaise agus Teanga

Chun cur le héifeacht an chláir Bí Sábháilte is fearr go mbeadh cur amach ag leanaí ar ghluais na gceachtanna roimh thosú orthu.

Múineadh Bí Sábháilte do leanaí a d'fhulaing drochíde

De bharr go bhféadfadh sé nach mbeadh scoileanna ar an eolas faoi leanaí áirithe ar tugadh drochíde dóibh nó go mbeadh drochíde fós á thabhairt orthu is fearr a bheith cúramach. Nuair a bhíonn an scoil ar an eolas faoi chás áirithe, tá sé rí-thábhachtach

go mbeidh comhcheangal idir an scoil agus teaghlach an linbh sin. Tharlódh go mbeadh cuma an chruacháis ar leanaí áirithe ar tugadh drochíde dóibh agus go dteastódh uathu é a nochtadh arís nó labhairt faoin drochíde sin. Ba cheart socruithe cuí a dhéanamh maidir leis seo roimh thosú ar na ceachtanna. Tharlódh go léireodh roinnt daoine a d'fhulaing drochíde faoiseamh i ndiaidh dóibh na ceachtanna a chríochnú. B'fhéidir go dtuigfidís go bhfuil daoine eile faoi ansmacht chomh maith. Is cabhair agus tacaíocht é do leanaí chomh maith a chlos nach orthu féin a bhí an locht má tugadh drochíde orthu.

ÁBHAIR THEAGAISIC

I ngach pacáiste Bí Sábháilte tá:

Lámhleabhar an Úsáideora

Tá sracfhéachaint sa lámhleabhar seo ar an gclár Bí Sábháilte i gcomhthéacs an OSPS mar aon le cur síos ar na modhanna múinteoireachta a bhaineann leis. Tá eolas faoi bhulaíocht agus faoi dhrochíde ar leanaí ann do scoileanna chomh maith.

Pleananna Cheachtanna Bí Sábháilte

Tá an clár curtha in oiriúint de réir forbartha agus tá ceithre leabhar ceachtanna ann, mar atá: Naíonáin Shinsearach, Rang 1 & 2, Rang 3 & 4, Rang 5 & 6. Tagann an cur chuige seo le struchtúir churacalam an OSPS. Tá na ceachtanna roinnte i gcúig thopic Bí Sábháilte:

- Mothú na sábháilteachta agus mothú na neamhshábháilteachta
- Bulaíocht
- Teagmhálacha Coirp
- Rúin agus insint
- Strainséirí

Aoiseanna	Ceachtanna	Achar Múinteoireachta
5-6 bliana d'aois	Naíonáin Shinsearach	9 gceacht 20 nóiméad
7-8 mbliana d'aois	Rang a haon agus a dó	9 gceacht 30 nóiméad
9-10 mbliana d'aois	Rang a trí agus a ceathair	9 gceacht 30 nóiméad
11-12 bhliain d'aois	Rang a cúig agus a sé	5 cheacht 40 nóiméad

Is féidir le múinteoirí atá ag obair le níos mó ná rang amháin le chéile teacht ar na toipicí cuí do na haoisghrúpaí atá i gceist.

Bileoga Oibre na Leanai

Gabhann roinnt bileoga oibre le gach ceacht. Ba cheart na bileoga seo a úsáid mar obair bhaile ó cheart. Tá spás i ngach bileog oibre le haghaidh síniú tuismitheora nó cosantóra. Iarrtar ar na tuismitheoirí leas a bhaint as na bileoga oibre chun an toipic a phlé lena gcuid leanaí. Tá roinnt moltaí i lámhleabhar na dtuismitheoirí faoi conas tabhairt faoi seo. Sa tslí sin, bíonn eolas níos fearr ag tuismitheoirí ar a bhfuil á fhoghlaim ag a gcuid leanaí agus bíonn deis acu na ceachtanna a dhéanamh pearsanta dá gcuid leanaí féin, rud nach féidir a dhéanamh sa seomra ranga.

An Fhístéip Bí Sábháilte

Tá an fhístéip seo isteach is amach le 50 nóiméad ar fhaid agus tá sí roinnte sna cúig thopic Bí Sábháilte atá thuasluaite. Oireann sé níos fearr do leanaí idir rang a haon agus a ceathair. Is faoi na múinteoirí féin a dhéanamh amach an mbainfeadh daltaí i rang a cúig agus a sé aon leas aisti.

Tabhair faoi deara: Níl an fhístéip seo oiriúnach do leanaí sna naíonáin.

Téip fuaime Bí Sábháilte

Taobh 1 Amhrán Bí Sábháilte
Braithim sábháilte nuair...
Amhrán an Strainséara

Tugtar focal na n-amhrán ag deireadh gach leabhrán ceachtanna.

Taobh 2 6 pháosa ceoil atá roghnaithe go speisialta chun coincheap na sábháilteachta agus na neamhshábháilteachta a threisiú.

Sábháilteach Skaters Waltz
Cradle Song
Adagio (Spartacus).

Neamhshábháilteach Menace from the Deep
Deadly Nightshade
The Psycho Suite.

Tá fuaimeanna ar an téip chomh maith le haghaidh na naíonán sinsearach. (Féach ceachtanna do na Naíonáin Shinsearach, toipic 3.)

Bí Sábháilte: Eolas do Thuismitheoirí

Tá sracfhéachaint do thuismitheoirí sa lámhleabhar seo ar an gclár Bí Sábháilte. Tá eolas faoi bhulaíocht agus faoi dhrochíde ar leanaí ann chomh maith le leideanna praiticiúla faoi leanaí a choimeád slán sábháilte.

MÚINEADH AN CHLÁIR BÍ SÁBHÁILTE

Úsáideann an clár Bí Sábháilte cur chuige ilmheán chun cur le sealbhú foghlama agus coincheapanna. Tugtar na coincheapanna isteach de réir a chéile. Tógann gach ceacht nua go nádúrtha ar an gceacht a chuaigh roimpi. Tá cuid mhór de chlár Bí Sábháilte bunaithe ar phróiseas agus ar bhunú phatrúin iompair mar atá i réimsí eile de churaclam an OSPS. Dá bhrí sin, cuireann an próiseas múinteoireachta béim ar fhoghlaim ghníomhach agus ar rólghlacadh. Ní leor go gcuimhneodh na leanaí ar na scileanna sábháilteachta pearsanta a fhoghlaiméoidh siad, beidh orthu na scileanna a fheidhmiú ó lá go lá chomh maith.

Tá béim trí chlár na gceachtanna ar an taobh dearfach. Tugann sé seo bunús slán chun déileáil le suíomhanna a chuirfeadh isteach ar shábháilteacht leanaí. Bíonn mórán múinteoirí ag súil le leibhéal áirithe náire nó ‘baois’ nuair a thosaíonn siad ar phlé a dhéanamh ar theagmháil mhíchuí. Is féidir déileáil leis seo trí theacht roimh an gcéad náire a bheidh ar leanbh agus cur síos a dhéanamh ar an náire sin mar rud nádúrtha.

De bharr gurb é buntheachtaireacht an chlár Bí Sábháilte gur féidir agus gur chóir do leanaí aon fhadhb a bhíonn acu a insint do dhuine fásta, is féidir leanbh a spreagadh chun a rún a ligint. Ba chóir go mbeadh cur amach ag múinteoirí ar threoracha na Roinne Oideachais i dtaobh conas is ceart déileáil le drochamhras faoi mhí-úsáid leanaí nó faoina nochtadh.

Bunrialacha a leagadh amach

Roimh thosú ar cheachtanna Bí Sábháilte a mhúineadh, ba chabhair do mhúinteoirí am a chaitheamh ar roinnt bunrialacha a leagadh amach do chur i bhfeidhm an chlár. I measc na rialacha d’fhéadfadh a leithéid seo a bheith ann: seans a thabhairt do gach duine labhairt; gan cead cur isteach agus daoine eile ag caint; meas a bheith ag leanaí ar a chéile agus ar na daoine fásta i gceannas; rúndacht; tacaíocht a thabhairt dá chéile; cothrom na féinne.

Rólghlacadh

Is cuid bhunúsach den chlár ceachtanna rólghlacadh. Ba cheart seans a bheith ag leanaí na coincheapanna a chur i bhfeidhm. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, an oiread agus is féidir de na leanaí a bheith páirteach sna ceachtanna seo. Is féidir le Dráma /CorpOideachas deiseanna a chruthú do thuilleadh cleachtaidh ar na scileanna seo.

Tabhair seans do na leanaí ról a ghlacadh. Ag deireadh an cheachta déan deimhin de go mbeidh seans acu an ról a fhágáil ina ndiaidh agus teacht ar ais chucu féin arís. Chun cabhrú le leanaí an ról a fhágáil, b’fhéidir gur mhaith le múinteoirí ligint do na leanaí scairf, crios mhuinchille nó banda láimhe a chaitheamh mar chomhartha go bhfuil siad ag glacadh rólanna. Nuair a bheidh an rólghlacadh thart bainfear an comhartha áirithe sin agus beidh siad ar ais chucu féin arís. Ag deireadh ceachtanna rólghlacaidh tabhair seans do leanaí machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas agus ciall a bhaint as.

Tabhair faoi deara: Ba chabhair iad na ceachtanna rólghlacaidh ar an bhfísthéip Bí Sábháilte chun tosú ar rólghlacadh a dhéanamh.

Ciorcal Cainte

B’fhéidir gur mhaith le múinteoirí Ciorcal Cainte a dhéanamh leis na leanaí, ó am go ham i rith chur i bhfeidhm an chlár. Is féidir le Ciorcal Cainte féinmheas na leanaí a fheabhsú agus comhoibriú níos fearr a chruthú sa scoil má dhéantar go rialta é.

Modh: Suíonn na leanaí i gciorcail. Déanann gach leanbh a hainm a rá mar aon le pointe amháin dearfach mar gheall uirthi féin. Críochnófar an cluiche nuair a bheidh seans faighte ag gach leanbh. D’fhéadfaí téama difriúil a úsáid gach uair, m.sh. Is/Ní maith liom...; Táim go maith ag...; Cabhraím le...

Tharlódh go mbraithfeadh múinteoirí áirithe míchompordach i dtaobh Chiorcal Cainte a dhéanamh. Is chun tairbhe é, áfach, a bheith suite i gciorcail, fiú agus ábhair Bí Sábháilte á bplé. Cruthaíonn ciorcal mothúchán na haontachta agus an chomhionannais. Dhéanfadh sé rólghlacadh níos éasca agus chuirfeadh sé fonn ar leanaí páirt a ghlacadh ann.

Úsáid Scéalta agus Dánta

Úsáidtear scéalta agus dánta síos trí cheachtanna Bí Sábháilte chun na leanaí a thabhairt isteach ar na hábhair éagsúla. Is féidir leis na leanaí dlúthbhaint a fheiceáil idir iad féin, na carachtair agus an méid a tharlaíonn dóibh gan a bheith ró-sháite sa scéal.

Tabhair faoi deara: Tharlódh go mba ghá don mhúinteoir na chéad ainmneacha a úsáidtear sna scéalta agus sna dánta a athrú d’fhonn náire nó mí-chompord a sheachaint ar leanaí sa rang a bhfuil na hainmneacha sin orthu.

MÚINEADH AN CHLÁIR BÍ SÁBHÁILTE

Obair Ealaíne

Líníocht, collage agus péinteáil na príomh-ghníomhaíochtaí a úsáidtear sa chlár. Bíonn Obair Ealaíne an-bhainteach le hábhar nuair is ag obair le naíonáin agus le leanaí a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu a bhíonn an múinteoir.

Plé Ranga

Is modheolaíocht thábhachtach í seo a úsáidtear sa chlár. Is cóir go ndéanfadh an múinteoir deimhin de go mbeadh gach gné bainteach leis an ábhar a bheidh á phlé ag leibhéal a bheidh oiriúnach d'aois agus céim fhorbartha na ndaltaí.

Cluichí agus Obair Ghrúpa

Baintear úsáid as na gníomhaíochtaí seo chun comhoibriú agus meas ar a chéile a fhorbairt sna leanaí, agus chun cabhrú leo oibriú mar chuid d'fhoireann chun comhspríoc a bhaint amach.

Measúnú

“Seiceáil na Foghlama ” a thugtar ar an gcuid dheireanach de cheachtanna Bí Sábháilte. Tá sé rí-thábhachtach go roghnófaí gníomhaíochtaí cuí ón gcuid seo den chlár chun dul siar agus measúnú a dhéanamh go córasúil. Tugann rólghlacadh ar na scileanna sábhailteachta léargas maith ar a bhfuil foghlamtha ag na leanaí. Treisíonn cleachtadh an fhoghlaim seo. Thrí shúil a choimeád ar na leanaí

sa seomra ranga, ag am sosa, i rith cluichí agus i rith turasanna scoile bainfidh an múinteoir eolas tábhachtach amach i dtaobh na foghlama a bhíonn déanta ag na páistí ar na scileanna sábháilteachta. Tabharfaidh sé seo deis don mhúinteoir gníomhaíochtaí a leagadh amach ag dul siar ar na hábhair a bhfuil fadhb ag na leanaí leo. Is féidir téamaí ón gclár Bí Sábháilte a shníomh isteach i ngníomhaíochtaí eile ar nós ealaín, drámaíocht, oideachas creidimh nó codanna eile de churaclam an OSPS a bheadh bainteach le hábhar. Tá athdhéanamh seasmhach agus pleanáilte ar na hábhair riachtanach i gcomhair an teagaisc.

Aiseolas na Múinteoirí faoin gClár

Rinne múinteoirí a thuairisciú gur chuir an clár go mór leis an gcaidreamh eatarthu féin agus a gcuid daltaí. Thosaigh leanaí ag féachaint ar mhúinteoirí mar dhaoine a bhféadfaidís rún a ligint leo agus bhraith na múinteoirí, san am céanna, go raibh siad níos eolasaí ar chomharthaí guaise leanaí. Nochtaigh na ceachtanna ábhair nach mbeadh pléite sa rang roimhe seo agus thug siad seans do leanaí a gcuid neamhchinnteachtaí, a gcuid údair dabht agus eagla a chur in iúl. Dúirt mórán tuismitheoirí an rud céanna.

Oideachas Sláinte, Pearsanta agus Sóisialta agus an Clár Bí Sábháilte

Léiríonn an tábla seo a leanas conas is féidir na príomh-choincheapanna Bí Sábháilte a shníomh iasteach sa churacalam OSPS

	<i>Mé féin</i>	<i>Mé féin agus daoine eile</i>	<i>Mé féin agus an saol mór</i>
NAÍÓNÁIN SHINSEARACHA	<p>Mothúcháin shábháilte agus mí-shábháilte a aithint.</p> <p>Má imrítear bulaíocht orm ní ormsa an locht.</p> <p>Tadhaill choirp a thaitníonn liom.</p> <p>Tadhaill choirp nach dtaitníonn liom.</p>	<p>Mo chairde.</p> <p>Is cara maith mé nuair...</p> <p>Cad is brí le bulaíocht.</p> <p>Cad is féidir a dhéanamh faoi bhulaíocht.</p> <p>Ní ceart dom bulaíocht a imirt, gortaíonn sé daoine eile.</p> <p>Má fheicim bulaíocht á himirt ar dhuine eile...</p> <p>Mo chúntóirí speisialta.</p>	<p>Mo chúig chéadfa.</p> <p>Rúin atá go maith.</p> <p>Rúin nach bhfuil go maith.</p> <p>Ag dul amú - cad ba cheart a dhéanamh.</p> <p>M'ainm, mo sheoladh agus m'uimhir ghutháin a bheith ar eolas agam.</p>
RANG 1 AGUS RANG 2	<p>Mothúcháin "Dona" agus "Maith" a aithint.</p> <p>Tadhaill coirp a thaitníonn liom/nach dtaitníonn liom.</p> <p>Tadhaill choirp mhí-shábháilte -</p> <p>Tadhaill choirp mhí-chuí.</p> <p>Tadhaill choirp agus rúndacht.</p> <p>Má chuireann duine éigin mothú na contúirte orm ní ormsa an locht.</p>	<p>Cairdeas.</p> <p>Bulaíocht - rialacha sábháilteachta.</p> <p>Riail: ná himir bulaíocht ar aon duine - bí tuisceanach.</p> <p>Cad is féidir a dhéanamh má bhíonn daoine eile faoi bhulaíocht.</p> <p>Mo chúntóirí - daoine fásta a bhfuil muinín agam astu.</p>	<p>Strainséirí - cé hiad?</p> <p>Na rialacha i dtaobh strainséirí.</p> <p>Rialacha sábháilteachta eile.</p> <p>Ag freagairt chloigín an dorais agus an ghutháin.</p> <p>Conas gaoch gutháin a dhéanamh.</p>
RANG 3 AGUS RANG 4	<p>Mothúcháin ag tagairt go háirithe do shábháilteacht.</p> <p>Mo chearta chun príobháideachais - teorainneacha pearsanta.</p> <p>Tadhaill choirp mhíshábháilte, mí-oiriúnacha.</p> <p>Mo chearta chun a bheith sábháilte - má dhéanann duine teagmháil liom i slí a chuireann mothú na contúirte orm - ní ormsa atá an locht.</p>	<p>Meas ar dhaoine eile - a gcearta chun príobháideachais.</p> <p>Cad is ceart a dhéanamh faoi bhulaíocht.</p> <p>Ag insint - ag lorg cabhrach - cén duine, cathain, cén áit, conas.</p> <p>Straitéisí chun déileáil le tadhaill choirp mhí-shábháilte nó tadhaill choirp mhí-chuí.</p>	<p>Sa bhaile leat féin-ag freagairt an dorais/an ghutháin.</p> <p>Conas dul i dteagmháil leis na seirbhísí éigeandála.</p> <p>Rialacha agus tú amuigh leat féin.</p> <p>Rialacha agus tú i measc slua mór</p> <p>Strainséirí - straitéisí sábháilteachta.</p> <p>Bagairtí agus breabanna agus cad is ceart a dhéanamh fúthu.</p>
RANG 5 AGUS RANG 6	<p>Mo chuid mothúchán</p> <p>Mura mbraithim sábháilte is féidir liom...</p> <p>Mo chearta agus cearta dhaoine eile chun teorainneacha pearsanta agus spás coirp</p> <p>Mo straitéisí sábháilteachta</p>	<p>Cairde agus grúpaí éagsúla.</p> <p>Ag déanamh agus ag athrú cairde - cairde ag insint dá chéile</p> <p>Bulaíocht - á tuisceant agus ag déileáil leis mar dhuine atá gortaithe, mar dhuine den lucht féachana agus mar bhulaí.</p> <p>Rúin achranacha - tá sé fós ceart go leor cabhair a lorg.</p> <p>Ag roghnú am cuí chun labhairt agus an duine is fearr a chabhródh leat.</p> <p>Cruachásanna a bhaineann le hinsint - ag mothú ciontach, eagla nach gcreidfí tú, is rud neamhdhílis é, daoine fásta nach bhfuil ag éisteacht leat, ag insint gan aon toradh air.</p>	<p>Straitéisí sábháilteachta a bhíonn agam agus mé amuigh liom féin, i measc slua mór, ag taisteal.</p> <p>Cad is ceart a dhéanamh faoi thairiscintí ó strainséirí, ó dhaoine fásta a bhfuil aithne agam orthu, ó chairde.</p>

MÚINEADH AN CHLÁIR BÍ SÁBHÁILTE

Scileanna Sábháilteachta Pearsanta a shníomh isteach sa churacalam

Is féidir le gníomhaíochtaí traschuracalacha an comhthéacs is oiriúnaí a chur ar fáil chun na toipicí Bí Sábháilte a threisiú agus a athchleachtadh.

Oideachas Creidimh

Mé féin
Mo theaghlach
Mo chairde
Daoine fásta a chabhraíonn liom
Mo chúig chéadfa
Féin-mheas
Meas ar dhaoine eile

Teanga ó Bhéal

Foclóir a bhaineann le scileanna sábháilteachta pearsanta
Ag cur mothúcháin in iúl
Scéalta agus dánta
Ag réiteach fadhbanna - Abair go...
Ag achainní, ag lorg cabhrach
Ag tabhairt toradh ar achainní
Ag forbairt scileanna sóisialta

Teanga Scríofa

Ag scríobh scéalta agus dánta
Ag líonadh bileoga oibre
An léamh - aithint focal

An Mhatamaitic

Barraí-cairt, grafanna agus picteaghrafanna ag léiriú éagsúlachtaí an duine.

Drámaíocht

Rólghlacadh agus puipéadóireacht.

Corpoideachas

Feasacht Choirp
Staidiúir
Gothaí na Colainne

Ealaín

Ag líonadh bileoga oibre
Ag tarraingt pictiúr
Ag déanamh deilbh 3D
Meas a bheith againn ar radharc ár súl

Ceol

Amhráin Bí Sábháilte
Píosaí ceoil atá roghnaithe go speisialta chun coincheap na sábháilteachta agus na neamhshábháilteachta a threisiú.
Sábháilteacht: Skaters Waltz, Cradle Song, Adagio (Spartacus).
Neamhshábháilteacht: Menace from the Deep, Deadly Nightshade, The Psycho Suite.
Meas a bheith againn ar an méid a chloisimid - fuaimeanna, taobh 2, téip fuaime.

BULAÍOCHT

Fadhb iompair is ea an bhulaíocht a d'fhéadfadh cur isteach ar shaol mhórán leanaí agus daoine fásta. Níl iompar na bulaíochta teoranta do dhaltaí nó do scoileanna amháin; tá sé forleathan sa saol - san ionad oibre agus ar scoil.

Is féidir bulaíocht a shainmhíniú mar iompar achrannach arís agus arís eile cibé acu trí chaint, trí shiceolaíocht, nó go fisiciúil a dhéanann duine amháin nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile “(An Roinn Oideachais, 1993). Is féidir iompar na bulaíochta a chur i gcatagóirí mar seo a leanas:

- Bulaíocht chorpartha: síorbhualadh, guailleáil agus brú thart; tharlódh go mbeadh drochionsaí corpartha i gceist chomh maith.
- Bulaíocht bhéil: síorthagairtí drochmheasúla faoin gcuma a bhíonn ar leanbh, faoina f(h)eistias, faoina (h)obair scoile, faoina m(h)uintir, faoi thosca an teaghlach nó faoi chumas an linbh chun cluichí srl.
- Síorchur isteach ar nithe leanaí eile, ar a c(h)uid leabhar, ar a lón, ar a c(h)uid airgid nó ar a c(h)uid éadaigh.
- Leithcheal nó aonrú réamhbheartaithe ag cuid de ghrúpa an ranga nó acu go léir ar leanbh amháin. Tharlódh go mbeadh tagairtí drochmheasúla á scríobh faoin duine a bhíonn ag fulaingt i gceist nó nótaí nó léaráidí faoi/fúithi á gcur thart.

Cá dtarlaíonn an bhulaíocht?

“Tarlaíonn an chuid is mó de bhulaíocht sna bunascoileanna i gclós na scoile nó lasmuigh den scoil, (ar an tslí abhaile de ghnáth)” (Byrne, 1994). D'fhéadfadh an bhulaíocht tarlú sna leithris, i seomraí na gcótaí agus sna pasáistí. D'fhéadfadh duine aonair nó grúpa a bheith ina bun.

Cé chomh forleathan is atá an fhadhb?

Tá glactha leis níos mó in Éirinn (O'Moore, 1994; Byrne, 1993) agus thar lear (Olweus, 1992; Besag, 1989) gur fadhb shuntasach í an bhulaíocht sna bunsoileanna agus sna hiarbhunsoileanna. Cuireann suirbhé a rinneadh ar fud na tíre ag an Ionad Frithbhulaíochta i gColáiste na Tríonóide na staitisticí Éireannacha is déanaí ar fáil: “Fulaingíonn beagnach duine as gach triúr de na daltaí bunsoile drochíde corpartha, béil nó siceolaíochta” (O'Moore, Kirkham & Smyth, 1997).

Cén fáth an mbíonn leanaí áirithe i mbaol bulaíochta?

D'fhéadfadh aon leanbh bulaíocht a fhulaingt ach léiríonn taighde atá déanta gurb iad na leanaí nach bhfuil féin-íomhá ró-mhaith acu agus nach mbíonn aon mhuinín acu de ghnáth is mó a bhíonn ina n-ábhar bulaithe nó a bheidh i gcontúirt. Tá leanaí a fhreastalaíonn ar ranganna feabhais nó ar ranganna speisialta níos mó i mbaol chomh maith. Léirigh taighde a rinne Mitchell agus O'Moore (1988) gur imir 16% de na leanaí a bhí i ngrúpaí feabhais sa bhunscoil bulaíocht ar leanaí eile i gcomparáid le 8% de na leanaí nach raibh i ngrúpaí feabhais. Tuairiscíonn O'Moore chomh maith, áfach: “It is now recognised that many of the negative and unsympathetic characteristics that are often ascribed to victims may be the result of long-term bullying rather than the cause of bullying.”

Cén fáth a n-imríonn leanaí áirithe bulaíocht?

Go leor de na leanaí a imríonn bulaíocht is amhlaidh a imríodh bulaíocht orthu féin chomh maith. Is féidir an saghas sin iompair a fhoghlaim ó dhaoine fásta nó ó dheartháireacha /dheirfiúracha agus d'fhéadfadh sé gurb í sin an t-aon slí atá ar eolas ag an leanbh chun é/í féin a chur in iúl. Rachaidh leanaí eile i mbun na bulaíochta mar gur deacair leo réiteach le leanaí a gcomhaoise. Tá baol ann go gcaithfidh leanaí ar tugadh drochíde corpartha, ghnéis nó mothúchán dóibh le leanaí eile faoi mar a caitheadh leo féin. D'fhéadfadh gur de thoradh nithe áirithe i saol an linbh a théann sé/sí i mbun na bulaíochta, m.sh. leanbh nua sa teaghlach, bás sa teaghlach, tinneas sa teaghlach gan choinne nó deacrachtaí sa bhaile. Is minic a bhíonn claonadh sa bhulaí cúiteamh a dhéanamh ar a f(h)éin-íomhá mhíshásúil agus ar dhrochmheas a bheith aige/aici air/uirthi féin trí leatrom a imirt ar leanaí eile. Chun dul i ngleic leis an mbulaíocht ní leor díriú isteach ar an dream a bhíonn ag fulaingt ón mbulaíocht; caithfear aghaidh a thabhairt chomh maith ar fhéinmheas a chothú sna leanaí atá ag gabháil den bhulaíocht.

Comharthaí a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go bhfuil bulaíocht ar bun

- Marcanna dubha, scríobadh nó gearradh gan míniú ar an gcorp.
- Eagla dul abhaile nó amach sa chlós.
- Meath san obair agus ar rannpháirtíocht ar scoil.
- Faitíos, imní nó teannas neamhghnách ar scoil.
- Seachainteacht faoi cheistiú múinteora i dtaobh eachtraí a tharla.
- An páiste a bheith á ghearradh amach as/aisti féin sa rang.
- Cur isteach rialta ar leabhair nó ar threalamh scoile leanaí eile.
- Síorlorg airgid nó á ghoid (chun bulaí a íoc).

Tionchar na bulaíochta

- Meath ar chumas an linbh ó thaobh díriú isteach ar an obair.
- Obair scoile lag nó ag dul in olcas.
- Eagla dul ar scoil.
- Muinín agus féinmheas a laghdú.
- Mí-úsáid alcóil, drugaí agus substaintí
- Iompar achrannach
- An leanbh in ísle brí
- Gan a bheith in ann leanúint le hoideachas
- Iarracht ar fhéinmharú a dhéanamh.

Cad is féidir leis an scoil a dhéanamh

Ba chóir go mbeadh bulaíocht a chosc ina chuid lárnach de Chód Iompair agus Disiplíne gach bunscoile agus gach iarbhunscoile (An Roinn Oideachais, 1993).

Sular féidir dul i ngleic le fadhb na bulaíochta sna scoileanna caithfear a adhmháil go poiblí go bhfuil an fhadhb sin ann. Tógadh a lán againn leis an tuiscint gur gnáthiompar an bhulaíocht i measc leanaí agus gur beag is féidir a dhéanamh faoi sin: chaithfeadh na leanaí glacadh leis. Is féidir le héifeachtaí na bulaíochta a bheith chomh holc sin, áfach, go nglactar leis anois gur chóir aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb.

Tá ról na scoile maidir le cosc a chur le bulaíocht rí-thábhachtach. Ba chóir na pointí seo a leanas a chur san áireamh:

- Timpeallacht scoile a chruthú a spreagann leanaí chun insint faoi bhulaíocht.
- Aird a tharraingt ar bhulaíocht trí chlárachta ar nós Bí Sábháilte, Sticks and Stones agus Clár Bí Sábháilte na nGardaí.
- Maoirseoireacht chuimsitheach ar na leanaí a chur ar fáil ag gach ócáid scoile.
- Modhanna soiléire a leagadh amach chun tuairisc a thabhairt ar bhulaíocht.
- Tacaíocht a chur ar fáil dóibhsean ar imríodh bulaíocht orthu.
- Nasc a chruthú le heagraíochtaí cuí an phobail.
- Úsáidtear Ciorcal Cainte go forleathan san Iorua mar mhodh chun déileáil le bulaíocht agus iompar míchuí eile. (Féach Liosta Acmhainní i gcomhair foilseachán cuí.)

Ag cabhrú le leanaí ar imríodh bulaíocht orthu

- Tabhair ar na leanaí a sainmhíniú féin a thabhairt ar bhulaíocht. Cad is bulaíocht ann? Conas a bhraitheann siad ina leith? Ba cheart deis a thabhairt do leanaí a gcuid mothúchán faoin mbulaíocht a nochtadh.
- Féach go mion ar iompar an té atá ag fulaingt ó bhulaíocht. An mbaineann rud éigin le gothaí an linbh a tharraingeoidh aird an bhulaí air/uirthí? B'fhéidir go dtugann féin-íomhá linbh nó an chaoi a n-iompraíonn sé é féin ina cholainn leid do leanaí eile a bhfuil claonadh chun bulaíochta iontu. Má mhúintear do leanaí conas diúltú i nguth teanntásach agus conas iad féin a iompar ar shlí mhuinéach cabhróidh sé go mór leo chun déileáil le hócáidí éagsúla (féach ceachtanna Bí Sábháilte).
- Féach chuige go gcothófar tuiscint don chomhionannas laistigh den ghrúpa, i.e. bíodh an ceart céanna ag gach duine ar spás, ó thaobh tuairimí a nochtadh, ar a gcuid trealamh féin, srl.
- Cuir na leanaí ag cabhrú le chéile trí leanaí leochaileacha a chur ag obair le leanaí atá níos muiníní astu féin. Déan iarracht a chur ina luí ar na leanaí conas a bhraitheann an fulaingeoir. Is ró-mhinic a aontaíonn leanaí leis an mbulaí toisc eagla a bheith orthu go n-imreofaí bulaíocht orthu féin.

- Bíonn leanaí aonaracha i mbaol go mór. Ba cheart aird na dtuismitheoirí a thabhairt air seo agus iad a spreagadh chun cabhrú lena gcuid leanaí cairdeas a dhéanamh le leanaí eile.
- Tabhair le fios do leanaí a insíonn faoi bhulaíocht go ndearna siad an rud ceart agus nach orthu féin atá an locht toisc gur imríodh bulaíocht orthu. Bí cúramach gan mothúchán náire nó ciontachtas as insint a spreagadh sa leanbh a insíonn faoin mbulaíocht. Is iad na bulaithe ‘is fear’ na bulaithe ar féidir leo an dream a dtugann siad íde dóibh a choimeád ciúin trí bhagairt orthu nó trí a bheith ag magadh fúthu.
- Coimeád cuntas ar eachtraí bulaíochta a thabharfaidh le fios duit cé chomh fairsing is atá an fhadhb.
- Tá sé tábhachtach a bheith réadúil; beidh sé dodhéanta ag leanbh aonair a thalamh a sheasamh in aghaidh buíne. I gcásanna mar sin ba cheart comhairle a chur ar na leanaí gurb é an rogha ba shábháilte ná imeacht agus insint faoi (féach ceachtanna Bí Sábháilte).

Déileáil le bulaithe

- Is é an t-údar crá croí is mó don mhúinteoir ó thaobh na hoibre seo ná a dheacra is atá sé máthair an oilc a aimsiú i gcás eachtra bulaíochta. Is minic a thugann bulaithe a dtaobh féin den scéal á rá, “Ní raibh mé ach ag súgradh leis” nó, “Ní raibh mé ach ag magadh.” Cuirtear an milleán ar an té a n-imrítear bulaíocht air ag tabhairt le fios nach raibh acmhainn grinne acu nó níor thuig siad conas páirt a ghlacadh i gcluiche. Ní ceart scaoileadh le ráitis dá leithéid sin. Mura raibh ann ach greann, an dóigh leat gur cheap an páiste eile go raibh sé greannmhar? Mura raibh ann ach timpist, ar stop tú chun teacht i gcabhair ar an leanbh eile? Ar ghabh tú leithscéal? Is maith an rud a iarraidh ar an mbulaí cuntas a scríobh ar an eachtra, rud a thabharfaidh ar an mbulaí breithniú a dhéanamh ar a (h)iompar féin agus tuiscint a fháil do mhothúcháin an duine a bhíonn ag fulaingt.
- Bíonn sé deacair ar thuismitheoirí glacadh leis go bhféadfadh páiste leosan a bheith ina b(h)ulaí. Sa chás sin is cabhair é cuntais agus ráitis scríofa na leanaí a choimeád. Tá sé níos éasca ar thuismitheoirí glacadh le hiompar a gcuid leanaí má úsáidtear cur chuige a bhíonn cuiditheach leo.

- Chun déileáil leis an mbulaí déan idirdhealú idir an eachtra agus an leanbh. Bíodh sé le sonrú ort gurb é iompar an linbh atá a cháineadh agat agus ní an leanbh féin. D’fhéadfadh tionchar a bheith ag eachtra nó athrú éigin i saol an linbh ar an saghas iompair atá á chleachtadh aige/aici m.sh. leanbh nua sa teach, bás sa teaghlach, fadhb sa bhaile. Is minic a bhíonn drochmheas ag bulaithe orthu féin. Bain leas as gach deis is féidir chun dea-iompar tuisceanach cabhrach a mholadh. Ná bí ag faire go bhfeicfidh tú tréithe diúltacha amháin. Déan iompar cabhrach cineálta a mholadh nuair is féidir leat sin.
- Ná bí i do bhulaí thú féin ar mhaithe le smacht a choimeád ar bhulaí. Ní dhéanfaidh sé sin ach an scéal a dhéanamh níos measa.

Baiclí Bulaíochta

Ba cheart go dtuigfeadh leanaí nach féidir seasamh ar leataobh ón mbulaíocht agus a bheith saor ó locht. Tá sé de cheart acu a insint faoi, cuma an iad féin atá thíos leis nó nach ea. Tharlódh go mbeadh baint ag leanaí le gníomhartha an bhaicle ach fós go mbraithfidís nach iad féin ‘na bulaithe’. Tá sé an-deacair déileáil le grúpaí bulaíochta den saghas seo mar is béas le leanaí an milleán a chur ar a chéile. Seo roinnt moltaí a d’fhéadfadh cabhrú leat:

- Pléigh an eachtra le gach leanbh duine ar dhuine. Iarr ar gach leanbh cuntas a scríobh ar ar tharla.
- Cuir ar a súile do na bulaithe gur bhris siad rialacha na scoile agus léirigh dóibh an saghas iompair a ghlacfaí uathu feasta. Iarr orthu cur síos a dhéanamh duit ar conas a bhraith an té a bhí ag fulaingt. Dá mbeidís féin i gcás an duine sin cad leis a mbeidís ag súil uaitse?
- Tabhair an grúpa le chéile agus iarr ar gach aon duine acu cur síos a dhéanamh ar ar tharla le linn an chruinnithe ar leith a bhí agat leo. Cinnteoidh sé seo go nglacfaidh siad go léir freagracht as an mbulaíocht.
- Treisigh an pointe go bhfuil siad go léir chomh freagrach céanna as ar tharla. Bíodh plé agat leo faoin gcaoi ab fhearr le cúiteamh a dhéanamh. D’fhéadfá tabhairt orthu leithscéal a ghabháil le cibé leanbh nó leanaí ar imríodh bulaíocht orthu.

BULAÍOCHT

- Pléigh leo cad a dhéanfaidh siad tar éis an chruinnithe - cad a déarfadh siad leis na leanaí eile sa rang, srl.
- Téigh chun cainte le tuismitheoirí na leanaí go léir atá i gceist. Taispeáin na cuntais scríofa dóibh agus iarr cabhair orthu.
- Bain leas as gach aon deis a bhíonn agat chun béim a leagan ar cé chomh tábhachtach is atá iompar cabhrach ceanúil i measc leanaí, go háirithe na leanaí sin a bhí ag bulaíocht roimhe seo. Cabhroidh sé seo leis an athrú chun feabhais a dhéanamh buan.

Tabhair faoi deara: Is fearr eachtraí ar leith bulaíochta a fhiosrú lasmuigh den seomra ranga.

Tá sé tábhachtach féin-mheas agus féin-mhuinín a fhorbairt sna bulaithe chomh maith leis na daoine a fhulaingíonn ón mbulaíocht. Is féidir an obair seo a dhéanamh ar shlí struchtúrtha go háirithe trí Oideachas sláinte pearsanta agus sóisialta ar churacalam na bunscoile. Cuireann na ceachtanna Bí Sábháilte aidhmeanna soiléire ar fáil trínar féidir le múinteoirí tosú ar dhul i ngleic le fadhb na bulaíochta. Is fadhb í, áfach, a bhfuil comhoibriú agus tacaíocht na scoileanna, na dtuismitheoirí agus an phobail i gcoitinne ag teastáil chun í a réiteach.

DROCHÍDE AR LEANAÍ

Ábhar é drochíde leanaí a mbíonn daoine goilliúnach faoi agus a n-airíonn siad go láidir faoi. Caithfear cuimhneamh air seo i gcónaí agus an toipic á phlé m.sh. ag cruinniú tuismitheoirí, i seomra na foirne.

D'fhéadfadh duine a bheith i láthair a fhulaing drochíde mar pháistí agus go bhfuil tionchar fós ag an drochíde ar shaol an duine seo.

Cé go raibh drochíde á déanamh riamh ar leanaí is le gairid a tarraingíodh aire agus cúram an phobail ar an bhfadhb. Ní hé uain an tsonais is na soineantachta í an óige ar chor ar bith do chuid mhaith leanaí. In áiteanna áirithe fós baintear dúshaothrú oibre as leanaí agus cuirtear le striapachas freisin iad. Roimhe seo sa saol féachadh ar leanaí mar a bheadh earraí ann ar lena gcuid cosantóirí iad agus ní mar dhaoine ó cheart iontu féin. Ní rud é drochíde leanaí a bhfuil buanseasmhacht ag baint lena shainmhíniú - braitheann sé ar an dearcadh a bhíonn ag an bpobal ag tréimhse ar bith faoi leith. Bhí am ann, mar shampla, go raibh sé coitianta obair a bhaint as leanaí sa tír seo.

Déantar drochíde ar leanaí a chur i gcatagóirí i gceithre fhoirm ar leith de réir litríocht na linne seo, eadhon:

- Drochíde choirp
- Faillí choirp
- Drochíde mhothúchán
- Drochíde ghnéis

Cé go bhfuil na catagóirí seo úsáideach chun cabhrú linn a bhfuil i gceist a thuiscint, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfulaingíonn formhór na leanaí níos mó ná aon saghas drochíde amháin. Mar shampla, tharlódh go bhfulaingíodh leantóir a bhfuil drochíde ghnéis á tabhairt dó/di drochíde choirp nó gortuithe freisin.

Ba drochíde choirp agus faillí choirp na catagóirí drochíde ba thúisce a aithníodh. Faillí choirp an catagóir is coitianta. Sna seascaidí tharraing siondróm an 'Battered Baby' (Kempe et al. 1962) aird mhór. Níor thosaigh chomh fairsing is a bhí drochíde ghnéis ag teacht chun solais go dtí na 1970idí. Is drochíde mhothúchán an catagóir is déanaí a aithníodh. Is cuid é go minic de shaghasanna drochíde eile.

Cé gur tuismitheoirí agus cosantóirí is mó a thugann drochíde do leanaí, is féidir le daoine fásta eile nó leanaí atá níos sine nó ógánaigh a bheith i gceist chomh maith.

Fairsinge na Faidhbe

De bharr go mbaineann rúndacht le mórán eachtraí drochíde ar leanaí, tá sé deacair fairsinge na faidhbe a mheas i gceart. De ghnáth, ní theastaíonn ón duine fásta atá ag tabhairt drochíde do leantóir nó atá ag déanamh faillí choirp ar leantóir go mbeadh an t-eolas sin ag daoine eile. Tharlódh go mbeadh an iomarca eagla ar an leantóir insint faoi nó nach mbeadh a fhios aige/aici conas labhairt faoin drochíde (féach An chúis nach n-insíonn leanaí faoi dhrochíde, leathanach 22). Scéal casta is ea drochíde ar leanaí agus bíonn sé deacair ar dhaoine eile é a aithint. Tuairiscíonn Fiosrú Coil Chill Chainnigh (1993): 'Ní fios i gceart fairsinge agus méid drochíde ar leanaí agus d'ainneoin cláracha coiscthe, is cosúil go leanfaidh leanaí ag fáil drochíde toisc eagla a bheith orthu nó brú teaghlaigh, nó ciontacht, nó náire.' Tuairiscíonn Tuarascáil an Choimisiúin um Leasú Dlí (1989) go n-aontaítear go forleathan go bhfuil líon na gcásanna drochíde ar leanaí a tuairiscíodh go hoifigiúil i bhfad níos ísle ná an méid atá ag tarlú i ndáiríre.

Staitisticí na Roinne Sláinte ar Dhrochíde ar Leanaí

Téann líon na gcásanna drochíde ar leanaí a tuairiscítear do na Boird Sláinte i méid gach bliain. Tá dualgas reachtúil ar na Boird Sláinte fiosrú a dhéanamh faoi gach tuairisc faoi dhrochíde ar leanaí. Uaireanta bíonn sé deacair dul ar aghaidh leis an bhfiosrúchán, go háirithe mura dteastaíonn ón té a chuireann an cás ar aghaidh a (h)ainm a nochtadh. Is gnách go n-iarrtar ar na daoine a chuireann cás ar aghaidh a n-ainmeacha a thabhairt sula ndéantar aon rud.

STAITISTICÍ DE CHUID NA ROINNE SLÁINTE

	1991	1994	1995
Líon iomlán na dtuairiscí drochíde ar leanaí	3856	5152	6415
Drochíde choirp	614	990	1409
Faillí choirp	1414	1959*	1409
Drochíde mhothúchán	294	387*	384*
Drochíde ghnéis	1507	1816	2441

*níl staitisticí iomlána ar fáil

Mí-úsáid Leanaí agus Scoileanna

Is mó tuiscint ná riamh atá ag foirne scoile maidir le himní faoi gach cineál mí-úsáid leanaí. Tá sé tábhachtach go mbeadh tuiscint agus eolas ag foireann iomlán scoile - cathaoirligh, príomhoidí agus baill eile foirne - ar na cineálacha éagsúla mí-úsáide, ar a gcuid comharthaí agus ar a n-éifeacht. Tá de chúram chomh maith ar gach ball d'fhoireann scoile eolas a chur ar threoirilinte na Roinne Oideachais maidir le tuairisciú líomhaintí nó amhras faoi mhí-úsáid.

Mí-úsáid Fhisiciúil/Gortú d'aon ghnó

Is ionann mí-úsáid fhisiciúil agus gortú a bhfuil fhios go cinnte nó a bhfuil tuairim réasúnta go ndearnadh an gortú sin in aon turas nó nár coisceadh an gortú nuair a d'fhéadfaí sin.

Seo a leanas cuid de na comharthaí sóirt:

- Dó agus scalladh
- Greama
- Marcanna gorma ar chraiceann an pháiste gan míniú orthu
- Briseadh cnámh
- Lorg toitíní
- Comharthaí gur croitheadh an leanbh
- Lorg uirlisí
- Frenulum gearrtha (marc a fhágtar ar an mbéal de bharr beathú le buidéal in aghaidh thoil an pháiste)
- Gortuithe do na baill ghiniúna/don timpireacht
- Gortú go minic
- Brú iomarcach ag plé le leanbh

Amanna, tugtar mí-úsáid fhisiciúil faoi deara nuair nach dtagann míniú tuismitheora ar údar marcanna nó gortuithe le míniú an pháiste. B'fhéidir go ndiúltódh tuismitheoirí nó go mbeadh drogall orthu eolas a thabhairt maidir lenar tharla. D'fhéadfadh sé go bhfreastalófaí ar ospidéal éagsúla agus ar dhochtúirí éagsúla le minicíocht na ngortuithe a cheilt. Bhí sin rí-shoiléir i gcás an Fiosrú Coil Chill Chainnigh (1993). Is ionduíl gur leor gortú a mbeadh amhras faoi le gníomh a dhéanamh ar an bpointe ar mhaithe leis an leanbh.

Bítear défhiúsach maidir le gníomh stáit chun

leanaí a chosaint. Bíonn teannas i gcónaí idir na cearta a cheaptar a bheith ag cosantóir agus cearta leanaí. Sampla de sin an díospóireacht maidir le ceart piónós corpartha a chur ar pháiste.

De réir torthaí taighde faigheann beirt pháiste in aghaidh na bliana ar an meán bás de bharr drochíde fhisiciúil in Éirinn (Irish Medical Times, 1994). I roinnt cásanna, is in aon turas a tharlaíonn an drochíde fhisiciúil nuair a ghortaíonn duine fásta leanbh. I gcásanna eile tarlaíonn an drochíde fhisiciúil nuair atá tuismitheoirí ag úsáid piónóis fhisiciúla mar mhodh smachta agus nuair a tharlaíonn gortú de bharr dul thar fóir. Tá sé fíor-riachtanach go mbeadh eolas ar fáil maidir leis an gcaoi ar tharla an gortú agus le mianta an té a rinne an gortú leis an leanbh a chosaint oiread is is féidir. Tá sé tábhachtach go ndíreodh daoine nach mbaianeann le gairm na dochtúireachta - múinteoirí ina measc - ar na comharthaí feiceálacha (m.sh. cur síos ar mhéid, dath agus an áit a bhfuil marc) nuair atá tuairisc á thabhairt ar chomharthaí fhisiciúla drochíde agus nach mbeifí ag triail a rá cén chaoi ar tharla an gortú. Nuair atá imní go bhfuil drochíde fhisiciúil á tabhairt ar pháiste, is ionduíl go n-iarrtar ar a dhochtúir féin nó ar fhoireann dochtúireachta ospidéal scrúdú agus tátal a dhéanamh.

Faillí

Buailtear teaghlaigh éagsúla go dona (m.sh. le bás, tinneas, dífhostaíocht) agus b'fhéidir nach mbeadh cúram ceart á dhéanamh de na leanaí ar feadh tamaill. Tar éis uafás an bhuille ar dtús tugtar faoi deara an chaoi a bhfuil sé ag goilliúint ar na leanaí agus faightear bealaí le cúram níos fearr a dhéanamh díobh le cuidiú airgeadais nó sóisialta (m.sh. trí chabhair ó ghaolta nó ó eagrais charthanachta ar nós Cumann Naomh Uinsionn de Pól). Meastar gur drochíde faillí ar leanbh nuair a leanann sé ar aghaidh ar feadh i bhfad, nuair is faillí mhór a dhéantar agus nuair is bac mór ar shláinte nó ar fhorbairt an pháiste é. Áirítear gur faillí:

- gan dóthain bia a sholáthar
- gan dóthain éadaigh agus foscaidh a bheith ar fáil
- gan dóthain cúraim leighis a bheith ar fáil
- tréigean
- gan dóthain faire a dhéanamh ar an leanbh

- bheith faillíoch ag cinntiú go bhfreastalaíonn an leanbh ar an scoil
- easpa cosanta nó ag cur páiste i gcontúirt.

Tá sé tábhachtach nuair atá ball foirne scoile ag cur cas maidir le faillí faoi bhráid an Bhoird Sláinte go dtabharfaí oiread eolais agus is féidir maidir leis an gcás (m.sh. a mhinicí is a bhíonn na leanaí ocrach agus/nó gan lón acu; cén t-éadach atá orthu nach leor é in aghaidh an fhuaight).

Is annamh gur de bharr eachtra amháin a chuirtear faillí in iúl d'oibrithe sóisialacha ach amháin nuair a fhágtar leanaí astu leo féin. Is minic gur ar feadh tréimhse fada a bhíonn oibrithe sóisialacha ag plé le teaghlaigh fhaillíochacha. Uaireanta bíonn sé deacair tabhairt ar thuismitheoirí glacadh leis an gcabhair agus an tacaíocht atá ar fáil. D'fhéadfadh i gcás go leor tuismitheoirí a dhéanann faillí ar a gcuid leanaí go ndearnadh faillí orthu féin agus iad ina leanaí agus ní thuigtear dóibh an tionchar atá aige sin orthu. Níl scileanna pearsanta ná scileanna tuismitheoireachta forbartha acu a chuirfeadh ar a gcumas aire mar is ceart a thabhairt dá leanaí. Bhainfeadh a leithéidí leas as comhairle chruinn, treoir agus cúnaimh sa bhaile. Is cuid thábhachtach den dul chun cinn i gcás mar sin eiseamláir thogha an chleachtais tuismitheoireachta a fháil. D'fhéadfadh tuismitheoirí eiseamláir a fheiceáil trí bheith ag obair le tuismitheoirí cumasacha agus/nó daoine oilte i dtimpeallacht nach bhfuil aon bhagairt ann agus a bhfuil cuma an teaghlaigh air ar nós Ionad Acmhainní Teaghlaigh áitiúil.

Ní leor dianthacaíocht fhadtéarmach ghairmiúil le laghdú ar an bhfaillí i gcás roinnt teaghlach. Is gá cinnidh a dhéanamh ina leithéid de chás maidir le tógáil na leanaí. Is iondúil gur deacair an cinneadh é sin le déanamh mar go bhféadfadh an-chion a bheith idir tuismitheoirí agus leanaí i dteaghlach a bhfuil inní faoi maidir le faillí. Chuirfeadh tógáil na leanaí lena gcur faoi chúram an Stáit athrú bunúsach air sin.

Tá sé tábhachtach go dtabharfaí faoi deara cúrsaí bochtanais i gcás teaghlaigh inar léir go bhfuil faillí á dhéanamh ar na leanaí. Is mór idir tuismitheoirí nach gcuireann dóthain bia, éadaigh agus dídine ar fáil in aon turas agus iad siúd nach bhféadann sin a dhéanamh de bharr ganntan airgid.

Drochíde trí Chiapadh Intinne

Tagann tuairimí agus nósanna duine i gceist nuair a bhítear ag meas cad is ciapadh intinne ann. Seo sainmhíniú amháin ar chiapadh den saghas sin: "Emotional abuse and neglect refers to hostile indifferent parental behaviour which damages a child's self-esteem, degrades a sense of achievement, diminishes a way of healthy vigorous and happy development" (Iwaniec, 1995).

D'fhéadfadh gur údar ciaptha iad seo a leanas:

- Diúltú géar
- Drochíde béil/lochú seasta
- Easpa sólais agus/nó ceana
- Easpa spreagtha
- Easpa láimhsithe mar is cuí, m.sh. a bheith ag súil le hiompar nach dtagann le haois an pháiste
- Easpa leanúnachais i gcúram an linbh, i.e. athrú feighlithe go minic.
- Ró-chosaint
- Píonós neamhchorportha mí-oiriúnach, m.sh. cur faoi ghlas go minic ar feadh tréimhsí fada sa seomra leapa
- Foréigean a fheiceáil ag baile

D'fhéadfadh go ndéanfaí faillí fhisiciúil freisin ar pháiste atá á chiapadh. D'fhéadfadh leanbh a bheith á chiapadh cé go mbeadh sé glan agus cúram fhisiciúil á dhéanamh de.

De réir na saineolaithe is ceart idirdhealú a dhéanamh idir drochíde a thugtar go hoscailte agus in aon turas agus faillí a dhéantar ar mhothúcháin an pháiste gan smaoineamh roimh ré air. Tá an t-idirdhealú rí-thábhachtach nuair atáthar ag socrú cén chaoi le déileáil le cas. Ní mar a chéile a dhéileálfaí le tuismitheoir atá ag ciapadh páiste in aon turas agus tuismitheoir nach dtuigeann an chaoi a gcuireann a chuid iompair isteach ar an leanbh go dtí go gcuirtear oiliúint air maidir leis sin. Mar shampla, d'fhéadfadh go gceapfadh tuismitheoir atá ró-chosantach maidir le leanbh go léiríonn sin chomh ceanúil is atá sé ar an leanbh gan a thuiscint go bhféadfadh sé bac a chur ar

DROCHÍDE AR LEANAÍ

fhorbairt an pháiste. Tá pearsantacht an pháiste féin an-tábhachtach freisin nuair atá an tionchar atá ag iompar tuismitheora ar a chuid mothúchán á mheas.

Ní ró-shoiléir a bhíonn sé go bhfuil leanbh á chiapadh mar gur idir an leanbh féin agus an tuismitheoir a bhíonn an dinimic a bhaineann leis agus nach mbíonn comharthaí soiléire air. D'fhéadfadh an drochíde a bheith follasach nó amanna eile an-cheilte. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh nach mar a chéile iompar linbh agus tuismitheora i leith a chéile nuair a bhíonn daoine eile i láthair.

Is mó an aird a thugtar anois ar chiapadh sna meáin agus i bhfoilseacháin ghairmiúla. Tá daoine fásta ag cur síos ar an toradh a bhí ag drochíde den saghas sin ina saol agus go háirithe i gcás an chaidrimh idir iad féin agus a bpáirtnéirí agus a gcuid leanaí. Ó tharla go bhfuil ciapadh intinne de shaghas éigin ag dul le gach cineál drochíde, tá sé an-tábhachtach go dtuigfí an toradh fadtéarmach a bhíonn ar a leithéid d'íde.

Mí-úsáid Ghnéis

Tugtar an sainmhíniú seo a leanas ar mhí-úsáid ghnéis: "involvement of dependent, developmentally immature children and adolescents in sexual activities which they cannot fully understand and to which they are unable to give informed consent" (Kempe, 1978). Téann mí-úsáid ghnéis in aghaidh gnáthnósanna an phobail agus is coir í.

Áirítear gur mí-úsáid ghnéis:

- * Nochtadh mígheanasach
- * Diúrnadh nó pógadh mí-oiriúnach
- * Cuimilt (an pháiste nó an mhí-úsáideora)
- * Treá le méara
- * Teagmháil le béal/baill ghiniúna
- * Comhriachtain timpireach/faighne
- * Taispeáint phornagrafaíochta
- * Úsáid pháistí chun ábhar pornagrafaíochta a dhéanamh, grianghrafanna, físteipeanna
- * Striapachas páistí.

An Mí-Úsáideoir

D'fhéadfadh gur fear nó bean ag aois ar bith agus i gcúinsí sóisialta ar bith a thabharfadh drochíde ghnéis nó a bhainfeadh mí-úsáid de chineál ar bith as leanaí. D'fhéadfadh i roinnt cásanna gur tugadh drochíde don chiontóir le linn a óige féin. Is fir an chuid is mó de na ciontóirí a bhfuil eolas orthu. D'fhéadfadh go bhfuil níos mó ciontóirí mná ann ná a léirítear sna figiúirí (c. 2%) (McKeown, Gilligan, 1988; Gillham, 1991).

Baineann céatadán árd de na cásanna a chuirtear faoi bhráid na mBord Sláinte le ciontóirí fir atá sna déaga nó sna fichedáí.

Déantar an rangú seo a leanas ar chiontóirí tar éis iniúchta:

- * Duine fásta ar i dtreo leanaí amháin (buachaillí agus/nó cailíní) a bhfuil an claonadh collaíochta ann.
- * Duine fásta a bhfuil sé foghlamtha aige caidreamh collaíochta a bheith aige le daoine fásta ach ar fearr leis teagmháil le leanaí agus a d'fhéadfadh a bheith gníomhach le daoine fásta agus/nó leanaí.
- * Duine fásta ar le daoine fásta a bhíonn caidreamh collaíochta aige go hiondúil ach a iompaíonn ar ais ar chaidreamh collaíochta le leanbh nuair a bhíonn sé faoi bhrú.

Is iondúil go dtrialann an ciontóir caidreamh speisialta a chothú le leanbh. Beidh cuma mhaith air sin (m.sh. imirt cluichí leis an leanbh; cineáltas a dhéanamh ar an leanbh). Is taobh istigh den chaidreamh sin áfach a dhírítear ar an leanbh, a mhúnlaítear é, a thrialtar é agus a bhaintear an mhí-úsáid as sa deireadh. Bíonn an mí-úsáideoir gnéis tugtha don ghníomh agus déanann sé go minic é. Ní thuigtear go fóill cad a tharraingíonn an chéad uair é ach ó tharlaíonn sé bíonn sé an-deacair an pátrún a bhriseadh.

Tarlaíonn an chuid is mó den mhí-úsáid ghnéis taobh istigh den teaghlach nó i measc gaolta. Bíonn caidreamh gairid idir an duine fásta agus an leanbh agus trustar é. Is comharsana, cairde maithe leis an teaghlach nó feighlí leanaí líon mór ciontóirí. Mar sin bíonn aithne ag an leanbh ar an gciontóir go hiondúil agus trustann sé é. Tarlaíonn mí-úsáid ghnéis idir leanaí agus strainséirí freisin.

An Fulaingeoir

D'fhéadfadh leanbh ar bith mí-úsáid ghnéis a fhulaingt. Ina dhiaidh sin féin, d'fhéadfadh gur mó an chontúirt do pháistí áirithe, mar shampla an leanbh cúthail nach gcuireann rudaí in iúl, an leanbh aonarach, an leanbh ar mian leis go mbeadh cion air. Is cosaint an mhisneach agus an teacht i láthair. Léiríonn torthaí taighde gur mó an chontúirt faoi thrí (ar a laghad) agus faoi sheacht atá ann do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu (Briggs, 1995).

D'fhéadfadh an fulaingeoir a bheith aois ar bith ó bhíonn sé ina naíonán go mbíonn sé go hard sna déaga. Leanaí idir ceithre bliana agus dhá bhliain déag a bhíonn i gceist sa chuid is mó de na cásanna a bhfuil tuairisc orthu. Tá oiread contúirte do bhuachaillí ann agus atá do chailíní. Is dócha gur deacra do bhuachaillí an mhí-úsáid a chur in iúl mar gheall ar chúrsaí sóisialta.

Conas a airíonn an leanbh?

Is iomaí caoi a n-airíonn leanbh tar éis mí-úsáid ghnéis. B'fhéidir go gcaithfeadh leanbh go leor ama in inní agus i bhfáitíos go dtarlóidh sé arís nó go bhfaighidh duine éigin amach faoi. D'fhéadfadh sé go mbeadh meascán air mar nach dtuigeann sé an rud atá ag tarlú ná an t-údar atá leis. D'fhéadfadh sé go mbeadh fáitíos air nach gcreidfe é dá n-inseodh sé faoi. B'fhéidir chomh maith go mbeadh an t-ionsaitheoir ag bagairt air ionas nach n-inseoidh sé.

Is minic go n-airíonn leanaí a mbaintear mí-úsáid ghnéis astu ciontach iad féin. D'fhéadfadh go n-aireoidís gurb iad féin is cúis leis an ionsaí agus go gceapfaidís gur cheart dóibh a bheith in ann stop a chur leis. B'fhéidir go gceapfadh an leanbh go bhfuil sé ag coinneáil an teaghlai le chéile trí leanacht leis an gcaidreamh. D'fhéadfadh leanbh a bhfuil mí-úsáid á bhaint as ó bhí sé an-óg a cheapadh gur gnáthrud é agus go dtarlaíonn sé do gach duine.

Airíonn leanaí a bhfuil mí-úsáid á baint astu mothúcháin éagsúla a théann in aghaidh a chéile. D'fhéadfadh cion agus gráin a bheith acu ar an té atá ag baint mí-úsáide astu; d'fhéadfadh go mbeadh an-fháitíos orthu go dtarlóidh an mhí-úsáid arís ach ina dhiaidh sin féin taitneamh a bhaint as gné éigin de. Rud nádúrtha mothúcháin láidre den saghas sin agus tá sé deacair ag leanaí ciall a bhaint astu.

Toradh

Ní hionann an toradh a bhíonn ar gach eachtra mí-úsáide gnéis. Braitheann sé ar nithe ar nós aois agus pearsantacht an fhulaingeora, an cineál eachtra a tharlaíonn, agus an gaol atá ag an bhfulaingeoir leis an ionsaitheoir. D'fhéadfadh mioneachtra amháin mothúcháin ar nós náire, mearbhall, fáitíos agus amhras faoi strainséirí a tharraingt. Cuireann drochmhí-úsáid a tharlaíonn go minic isteach go mór ar pháiste i mbeagnach gach cás.

D'fhéadfadh go dtarraingeodh mí-úsáid ghnéis ar pháiste ísle brí, cúthaileacht, fanacht ón scoil, teip sa scolaíocht, imeacht ón mbaile, gortuithe fisiciúla agus fonn giorrú leis féin. D'fhéadfadh go gcuirfe isteach ar nósanna ite agus codlata, go mbeadh drochbhrianglóidí ag an leanbh agus tinneas cinn.

D'fhéadfadh go n-aireodh an leanbh ciontach, inní, náire, fearg agus gur diúltaíodh dó. Cé go mbíonn cuma na bréagaibíochta ar roinnt leanaí a fhulaingíonn drochíde ghnéis, is minic an-easpa scileanna sóisialta orthu agus droch-chaidreamh idir iad féin agus a gcomhaoisithe.

B'fhéidir gurb é an chaoi a n-airíonn leanaí gur thréig an duine a bhain mí-úsáid astu iad an dochar is mó a dhéantar dóibh. Dá thábhachtaí an gaol leis an duine sin is mó a airítear an tréigean agus an cailteanas. Bíonn seo i gceist go mór nuair is tuismitheoir an t-ionsaitheoir.

Toradh Fadtéarmach: Ceann de na torthaí fadtéarmacha a bhíonn ar mhí-úsáid ghnéis a laghad measa orthu féin a bhíonn ag fir nó mná ar baineadh mí-úsáid ghnéis astu ina leanaí. Is minic go mbíonn fadhbanna ag daoine fásta a d'fhulaing drochíde ghnéis ina leanaí dóibh maidir le caidreamh, tógáil clainne, collaíocht, muinín a chur i ndaoine eile agus fadhbanna siceolaíocha eile ar nós inní agus easpa meanma.

Is minic bean a fhulaingíonn drochíde ghnéis ina fulaingeoir arís amach ina saol. Tarlaíonn líon níos mó ná a bheifí ag súil leis de dhaoine a d'fhulaing drochíde ghnéis ina leanaí dóibh i measc fulaingeoirí éignithe, fulaingeoirí éigniú sa phósadh san áireamh, agus i measc ban a fhulaingíonn drochíde ón gcuid fear (Law Reform Commission, 1989).

DROCHÍDE AR LEANAÍ

Cóireáil

An leanbh: D'fhéadfadh fíor dhrochthoradh a bheith ar drochíde ghnéis don leanbh. D'fhéadfadh go leanfadh deacrachtaí go mbeadh sé ina dhuine fásta, rud a chothaíonn fadhbanna sa chaidreamh le páirtnéirí agus lena c(h)uid leanaí féin. Is féidir leis an gcuid is mó de na páistí tar éis cóireála agus comhairleoireachta glacadh leis gur tharla an drochíde agus leanacht ar aghaidh leis an saol. Dá thúsce a thugtar an drochíde faoi deara is ea is lú an choscáirt a bhainfidh leis. Is mór an mhaith do leanbh a insíonn faoi dhrochíde go dtacófaí leis ar an bpointe agus tá ceangal láidir idir sin agus dea-thoradh ar an gcóireáil. Más do mhúinteoir a insíonn an leanbh faoi dhrochíde, beidh tionchar mór ag an gcaoi a gcaitheann an múinteoir leis an leanbh ar an toradh deiridh a bheidh ar an gcóireáil.

An mí-úsáideoir: Le páistí a chosaint ó dhrochíde, tá sé an-tábhachtach cláir éifeachtacha coiscthe agus cóireála do chiontóirí a fhorbairt agus dá thúsce dá dtugtar fúthu is ea is fearr. Ní tinneas é mí-úsáid ghnéis; níl leigheas air ach is féidir é a smachtú. Cuid rí-thábhachtach den chlár cóireála é go nglacfadh an ciontóir leis gur air féin amháin atá an milleán ar fad faoin mhí-úsáid agus go n-admhódh sé nach iompar inghlactha é. Cuideoidh tuiscint níos iomláine ar an dinimic a bhaineann le mí-úsáid ghnéis le dearadh éifeachtach a dhéanamh ar chláir coiscthe.

Cúiseanna nach n-insíonn páistí faoi mhí-úsáid ghnéis

Tá go leor páistí ann nach n-insíonn faoi dhrochíde. B'fhéidir go ndéanfaidís tagairt dó go neamhdhíreach. Tá fáthanna éagsúla nach n-insíonn páistí faoi:

- B'fhéidir gur bhagair an t-ionsaitheoir orthu.
- B'fhéidir nach bhfuil an foclóir acu le cur síos ar ar tharla.
- B'fhéidir nach dtuigeann siad nach bhfuil glacadh leis an mí-úsáid.
- B'fhéidir go bhfuil faitíos orthu nach gcreidfeadh iad nó nach dtacóidh daoine fásta leo.
- B'fhéidir go bhfuil faitíos orthu roimh a dtarlóidh má nochtann siad an scéal.
- B'fhéidir go n-airíonn siad gur orthu féin ar bhealach éigin atá an locht.

Uaireanta insíonn páistí faoin mí-úsáid agus déantar rud éigin le stop a chur léi. I roinnt cásanna, tubaisteach go maith, ní ghlacann an

duine fásta leis ar bhealach oiriúnach. Ní thugtar aird ar an leanbh nó ní chreidtear é nó b'fhéidir fiú amháin go dtabharfaí le tuiscint dó gur cheart dó comhoibriú leis an ionsaitheoir.

Na hÚdair a Bhíonn le Drochíde Tuismitheoirí ar Pháistí

Níl aon chineál duine ar leith ann ar féidir a rá go dtabharfaidh sé drochíde ar pháiste. Téann cumas tógáil clainne ar bhealach cineálta éifeachtach ó ghlúin go glúin. Ar an gcaoi chéanna, leanann drochíde ó ghlúin go glúin freisin.

Bíonn údair chasta le drochíde. D'fhéadfadh baint a bheith ag forbairt an tuismitheora, ag a phearsantacht agus ag an leibhéal aibíochta atá bainte amach aige, leis an scéal. Bíonn baint ag meon an pháiste agus ag tréithe eile ar nós a leibhéal aibíochta le hiompar an tuismitheora. Goilleann brú agus tacaíocht shóisialta freisin ar an gcaidreamh idir tuismitheoir agus leanbh agus ar chumas an tuismitheora freagairt mar is cuí do riachtanais an pháiste.

Tá líon áirithe rudaí a fheictear go dtarraingíonn siad deacrachtaí ag tógáil clainne. D'fhéadfadh sé gur comhartha iad go bhfuil an chontúirt ann go dtarlóidh drochíde.

Comharthaí contúirte

- Gan mórán measa a bheith ag tuismitheoir air féin
- Tuismitheoir ar tugadh drochíde dó féin le linn a óige. Mura bhfreastalaítear ar riachtanais duine le linn a óige, ní móide go mbeadh an aibíocht ann le leanbh a thógáil.
- Tuismitheoirí óga nó tuismitheoirí nach bhfuil aibíocht iontu
- Easpa tacaíochta ó thaobh ábhair agus cúnaimh
- A bheith tugtha do dhrugaí nó don ól
- Meabhairghalar
- A bheith ag súil leis an iomarca ó pháiste
- Deacracht ag lorg cabhrach mar is cuí; b'fhéidir go bhfuil sé amhrasach nó go n-airíonn go bhfuil leatrom á dhéanamh air
- Scoite amach ón bpobal gan a admháil go dteastaíonn aon chúnamh
- Easpa cumais ag plé le teannas nó ábhar cantail.

Daoine fásta a bhfuil taithí acu ar mhí-úsáid leanaí

D'fhéadfadh go bhfuil taithí dhíreach ag cuid de na daoine atá ag úsáid an Chláir Bí Sábháilte ar mhí-úsáid leanaí go pearsanta nó sa teaghlach. Beidh go leor a tháinig uaidh go maith a bhuíochas do thacaíocht a gcuid cairde agus gaolta. D'fhéadfadh ina dhiaidh sin féin go músclódh caint ar mhí-úsáid leanaí droch-chuimhní agus mothúcháin láidre iontu. Ba cheart go dtuigfeadh aon duine a airíonn sin gur minic a bhíonn gá ag daoine fásta a d'fhulaing drochíde le linn a n-óige labhairt le duine cuiditheach i dtimpeallacht neamhbhagarthach rúnda, m.sh. le comhairleoir gairmiúil. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí an deis sin chun cuidiú leis an bpróiseas bisithe. Cuireann eagraíochtaí éagsúla cabhair agus comhairle ar fáil maidir lena leithéid. Féach an liosta eagraíochtaí atá ag cúl an lámhleabhair. Tá comhairle le fáil ón oibrí sóisialach ag an mBord Sláinte áitiúil freisin. Is féidir le múinteoirí labhairt le Seirbhís Cúnta Fostaithe na Roinne Oideachais trína nIonad Oideachais áitiúil.

COMHARHAÍ AGUS TORADH MÍ-ÚSÁID FHISICIÚIL, FAILÍ, CIAPADH INTINNE AGUS MÍ-ÚSÁID GHNÉIS.

Níl aon chomhartha amháin ann a thugann le fios go dearfa gur tharla mí-úsáid linbh. Ba cheart go bhfeicfí gach comhartha i gcomhthéacs réimse leathan cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis agus go gcuirfí cúrsaí teaghlaigh agus eile san áireamh. (Treoirínte na Roinne Sláinte maidir le Drochíde Leanaí, 1987).

Léiríonn páistí a gcruachas ar go leor bealaí éagsúla agus tá páistí ann nach dtugann aon chomhartha follasach go bhfuil drochíde á thabhairt orthu. Tá an liosta de chomharthaí mí-úsáide úsáideach ina dhiaidh sin féin mar go dtarraingíonn sé aird ar na comharthaí is coitianta ar cheart dúinn fios a bheith againn go mb'fhéidir go léiríonn siad go bhfuil drochíde á tabhairt ar pháiste.

	Mí-úsáid Fhisiúil	Comharthaí Iompair
Comharthaí Fisiúla	<ul style="list-style-type: none"> dó agus scalladh gan míniú air lorg greama duine marcanna gorma ar chraiceann an pháiste gan míniú orthu briseadh cnámh lorg toitíní comharthaí gur croitheadh an leanbh lorg uirlisí frenulum gearrtha (marc a fhágtar ar an mbéal de bharr beathú le buidéal in aghaidh thoil an pháiste) gortuithe do na baill ghiniúna/don timpireacht gortú go minic nó gortuithe nach ndéantar cóireáil orthu 	<ul style="list-style-type: none"> dul thar fóir ina chuid iompair, iompar bagrach, a bheith ró-ghéilliúil ina chuid iompair leanbh á iompar féin ar bhealach a dhéanann dochar dó féin stánadh, na súile leaite i leanbh a bhfuil sé foghlamtha aige gan tosú ag caoineadh nó go dtabharfar drochíde fisiúil air.
Failí	<ul style="list-style-type: none"> seasta salach nó gan é gléasta mar is cuí seasta ocrach seasta tuirseach nó gan bhrí neamhaird á dhéanamh d'fhadhbanna leighis 	<ul style="list-style-type: none"> ag impí nó ag goid bia go minic droch-chaidreamh sóisialta as láthair nó mall ag teacht ar scoil go minic claonadh chun dochair
Ciapadh intinne	<ul style="list-style-type: none"> moill ar fhorbairt chorpartha máchaill labhartha féin-ghortú fadhbanna ite tobainne go háirithe agus an leanbh ag teacht in inmhe 	<ul style="list-style-type: none"> moill ar fhorbairt intinne agus mothúchán dul thar fóir ina chuid iompair; bagrach nó goilliúnach tréithe néaróiseacha (luascadh, páistí níos sine ag diúl ar an ordóg) féincháineadh impí nó goid bia go minic imeacht ón mbaile (go háirithe ógánaigh) iompar ciontóra (go háirithe ógánaigh)
Mí-úsáid Ghnéis	<ul style="list-style-type: none"> fo-éadach salaithe, stróicthe nó le fuil air pian nó tochas sna baill ghiniúna marcanna ar na baill ghiniúna nó iad ag cur fola míchompord ag siúl nó ag suí síos galair a scaiptear trí chollaíocht súil le leanbh 	<ul style="list-style-type: none"> tuiscint mhion ar iompar gnéis nó tuiscint nach mbeadh oiriúnach don aois (go háirithe ag páistí óga) iompar gnéis nach bhfuil oiriúnach don aois faitíos thar cuimse roimh theagmháil le duine fásta dul thar fóir ina chuid iompair; bagrach nó cúthail iompar féin-scriosta drogall neamhghnách a bheith páirteach i ngnáthimeachtaí nuair a bhíonn athrú éadaigh i gceist, m.sh. le haghaidh snámha, CO, srl.

NÍ CRUTHÚNAS AR MHÍ-ÚSÁID LINBH AON CHEANN DE NA COMHARHAÍ AS FÉIN.

Beart na Scoile má Nochtaítear Mí-úsáid Leanaí nó má bhíonn Amhras faoi Mhí-úsáid Leanaí

Nóta: Tá de chúram ar chathaoirligh, príomhoidí, múinteoirí agus gach ball d'fhoireann scoile eolas a bheith acu ar na cleachtais reatha maidir le tuairisciú líomhaintí nó amhras faoi mhí-úsáid.

Nochtadh

Chaithfidh múinteoirí a chur san áireamh go bhféadfadh leanbh drochíde a nochtadh dóibh. Cé gur dócha gur annamh a tharlóidh sin i saol múinteora, is mó an seans go dtarlóidh tar éis na n-athruithe in ethos na scoileanna agus cur i bhfeidhm cúrsa oiliúna maidir le scileanna sábháilteachta pearsanta.

D'fhéadfadh go dtiocfadh mí-úsáid leanaí chun aird múinteora ar roinnt bealaí. B'fhéidir go nochtadh leanbh a chás go díreach le múinteoir. B'fhéidir go mbeadh amhras faoi mhí-úsáid de bharr tuairim an tríú páirtí, de bharr gortú a thabhairt faoi deara nó de bharr gnéithe d'iompar an linbh.

Tá an chaoi a nglactar leis an gcéad nochtadh ríthábhachtach. Ní mór do mhúinteoirí a bheith eolasach ar a gcuid mothúchán féin i leith an nochtaithe le go bhféadfar glacadh leis ar bhealach a oireann. Cuireann sé isteach ar dhaoine nuair a nochtaítear mí-úsáid dóibh. Airítear mothúcháin ar nós uafás, fearg, iontas nó déistean.

Caitear a bheith an-chúramach, mothálach ag déileáil le nochtadh mí-úsáide ó leanbh. Caitear a chur san áireamh gur dócha go bhfuil an cás ag luí go trom ar an leanbh agus go bhfuil sé ag brath ar chúnamh ón duine fásta. Is gá a bheith rí-chúramach nach lagann an trust atá aige sa duine fásta. Tá sé léirithe ag taighdeoirí go bhfuil an-tábhacht leis an gcaoi a nglacann duine fásta leis an nochtadh má táthar le tionchar fadtéarmach na drochíde a laghdú oiread is is féidir.

Sa chás go nochtaítear drochíde do mhúinteoir, ba cheart déanamh mar seo:

Éist

Lig don pháiste insint faoin rud a tharla ar a bhealach féin gan mórán focal a chur ina bhéal. Tabhair deis don pháiste. Tabhair le tuiscint don pháiste nach bhfuil aon drogall ort an méid atá le rá aige a chloisteáil.

Abair leis an leanbh go gcreideann tú é.

Is annamh a insíonn páistí bréaga faoi mhí-úsáid; tá an chuid is mó de na páistí a insíonn faoi eachtra mí-úsáide ag inseacht na fírinne. Níor cheart go mbeadh an t-eolas ag páistí bunscóile a theastódh le scéalta faoi mhí-úsáid ghnéis a chumadh.

Abair leis an leanbh go raibh an ceart aige an scéal a insint.

Ní féidir dul thar fóir á rá seo. Tá sé an-tábhachtach béim a chur air mar go bhfuil an leanbh ag cloisteáil a mhalairt ón ionsaitheoir.

Cuir béim ar neamhchiontacht an pháiste.

Tá sé tábhachtach go ndéarfadh an duine fásta go soiléir nach ar an leanbh atá an locht faoin mí-úsáid. Is ionduil go gcuireann páistí an milleán orthu féin nuair a tharlaíonn mí-úsáid.

Coinnigh greim ort féin.

Coinnigh do chuid mothúchán faoi smacht agus fan socair. Tugann seo ugach don pháiste go bhfuil an duine fásta sách cumasach le déileáil leis an eolas atá tugtha aige dó. Tá an chaoi a nglactar leis an nochtadh ón tús an-tábhachtach mar ní móide go leanfaidh an leanbh air ag inseacht an scéil má airíonn sé fearg, náire nó mothúchán láidir eile sa duine fásta.

Bí ionraic faoina dtarlóidh dá bharr.

Ná tabhair geallúintí seafóideacha. Ba cheart a rá leis an leanbh go bhfuil daoine fásta ann a chuideoidh leis. Mínigh go gcaithfidh tú labhairt le duine eile ionas gur féidir cabhrú leis.

Coinnigh taifead

Coinnigh nótaí maidir le dátaí agus sonraí chomh luath agus is féidir tar éis don pháiste an scéal a nochtadh.

Amhras

Ní gnách go nochtaítear drochíde go díreach le múinteoir. Is mó an seans go mbeidh amhras ar mhúinteoir ó am go chéile go bhfuil drochíde á thabhairt ar pháiste nó faillí á dhéanamh maidir leis. Tá sé tábhachtach go gcoinneofaí taifead de na cúiseanna a bhíonn le hamhras dá shórt. Tar éis tamaill, d'fhéadfadh go dtabharfadh sin léargas níos cinnte ar an gcás.

Comhairle Ghinearálta ar Mhúinteoirí maidir le Nochtadh nó Amhras faoi Mhí-úsáid Leanaí

Tá sé tábhachtach do mhúinteoirí cuimhneamh nach bhfuiltear ach ag cur eolais ar aghaidh chuig an údarás cúí i.e. an Bord Sláinte áitiúil, nuair a chuirtear eolas maidir le mí-úsáid linbh faoina bhráid. Is ag gníomhú ar mhaithe leis an leanbh atá an múinteoir nuair a chuirtear ábhar amhras faoi bhráid an Bhoird Sláinte agus ní ag líomhnú go pearsanta ar dhuine ar bith.

B'fhéidir go n-iarrfadh múinteoir comhairle neamhfhoirmeálta ar oibrí sóisialach a chuideodh leis a socrú ar cheart cás a chur faoi bhráid an Bhoird Sláinte. Má cheapann an múinteoir go bhfuil údar buartha ann dáiríre, is ceart treoirlínte na Roinne Oideachais a leanacht.

Nuair a chuirtear aighneacht scríofa chuig an mBord Sláinte, teastaíonn eolas cruinn, beacht, soiléir faoi:

- Cad a facthas - má bhí gortú fisiciúil i gceist, ba chabhair léaráid shimplí.
- Cén uair - coinnigh taifead maidir le dáta agus am de'n lá.
- Cad a dúradh - scríobh síos na focla díreach más féidir.

B'fhéidir gur mhaith le múinteoir cód nó uimhir rolla a úsáid in áit ainm an pháiste sna taifid sin ar mhaithe le rúndacht. Is úsáideach an rud aon ábhar scríofa nó ábhar ealaíne a bhaineann leis an gcás a choinneáil.

D'fhéadfadh go luífeadh cás mí-úsáid linbh go trom ar mhúinteoir. Ba cheart smaoinreamh ar thacaíocht phearsanta agus ghairmiúil.

Téann múinteoir i gcomhairle le tuismitheoirí leanaí go hiondúil maidir le haon ábhar inní faoi iompar nó dul chun cinn an pháiste. D'fhéadfadh go mbeadh míniú ag na tuismitheoirí ar a bhfuil ag cur isteach ar an leanbh. D'fhéadfaí go labhrófaí faoi pháiste freisin le baill eile d'fhoireann na scoile, (m.sh. an múinteoir a bhí ag an leanbh anuraidh). Nuair atá leanbh tar éis mí-úsáid a nochtadh nó nuair atá amhras dáiríre ann maidir le mí-úsáid agus nuair atá an cás á chur faoi bhráid an Bhoird Sláinte áitiúil ní hé cúram fhoireann na scoile é fiosrúchán a dhéanamh le tuismitheoirí nó coimeádaithe. Rachadh sin in aghaidh threoirlínte na Roinne Oideachais. Is faoi fhoireann an Bhoird

Sláinte cás drochíde a fhiosrú agus socrú cad a dhéanfar agus an gcuirfean an scéal in iúl do thuismitheoirí agus do na Gardaí (An Roinn Oideachais, 1991) .

Rúndacht

Tá sé ríthábhachtach go mbainfeadh rúndacht iomlán le cás den chineál seo. Níor cheart eolas a thabhairt d'aon duine nach hé a chúram an t-eolas sin a bheith aige. Tá sé an-tábhachtach nach dtiocfadh múinteoirí taobh amuigh den ról gairmiúil atá acu ná go bhfeicfí iad i mbun fiosrúcháin ná ag líomhnú ar dhuine ar bith. Is ar an gcúis sin a chaithfidh rúndacht a bheith mar fhocal faire sna cásanna seo ar fad agus nach féidir eolas a thabhairt ach don té ar gá dó an t-eolas sin a bheith aige. Is gá a thabhairt san áireamh gur obair chasta agus speisialta í líomhaintí agus amhras faoi mhí-úsáid leanaí a mheas.

Beart an Bhoird Sláinte maidir le Mí-úsáid Leanaí

Tá cúram bainistíochta, monatóireachta agus comhordaithe maidir le cásanna mí-úsáid leanaí ar an oifigeach ainmnithe i ngach Ceantar Cúraim Pobail ag Boird Sláinte. Roimhe seo bhíodh an cúram ar Stiúrthóir Chúram an Phobail/Oifigeach Leighis Sláinte ach tá forbairt á déanamh ar an struchtúr bainistíochta sna ceantair cúraim pobail agus d'fhéadfadh gurb é an Bainisteoir Cúraim Páistí nó an Príomh-Oifigeach Sóisialach an t-oifigeach ainmnithe.

Is iondúil gur oibrí sóisialach atá ag plé le cúram pobail a dhéanfaidh fiosrúchán ar chás a chuirtear ar aghaidh. Go minic is é an t-oibrí sóisialach an chéad duine sa chlár cúraim pobail a dtiocfaidh an duine atá ag cur an cháis faoina bhráid air. Trialfaidh an t-oibrí sóisialach a dhéanamh amach an bhfuil údar buartha ann maidir le cúram agus sábháilteacht an linbh. Chuige sin baileofar eolas ó chuid díobh seo nó uathu ar fad: an té a chuir an cás faoina bhráid; na tuismitheoirí agus an leanbh; baill eile den fhoireann cúraim pobail; an scoil; áisinteachtaí eile a bhfuil baint acu leis an teaghlach. B'fhéidir go gcaithfí an leanbh a chur faoi scrúdú dochtúra nó a mheas maidir le mí-úsáid ghnéis. Is gá cead tuismitheora lena aghaidh sin.

Is iondúil gur gá a chur in iúl do thuismitheoirí cé a chuir an cás faoi bhráid an Bhoird. Tá sin fíor go háirithe i gcás ina mbaineann an inní atá á cur in

iúl faoi nochtadh nó iompar linbh nó a chuma fisiciúil le timpeallacht amháin go sonrach ar nós an seomra ranga. Má shocraíonn foireann an Bhoird Sláinte go dteastaíonn ordú cúraim leis an leanbh a thógáil ó chúram na dtuismitheoirí, is é an gnáthrud go gcuirfí in iúl sa chúirt cé a chuir an cás faoi bhráid an Bhoird.

Fanann an leanbh sa teaghlach fhaid is atá an mheasúnóireacht ar siúl chomh fada is atá an bord sláinte sásta nach bhfuil contúirt ansin dó agus go bhfuil dóthain cúraim agus cosaint á dhéanamh air. Más duine den teaghlach céanna a bhfuil an mhí-úsáid á chur ina leith, d'fhéadfadh sé go n-iarrafaí air nó uirthi an teach a fhágáil go mbíonn an mheasúnóireacht déanta. Más gá glacfar an leanbh faoi chúram an stáit agus cuirfear faoi chúram altramais é nó in ionad cónaithe. D'fhéadfadh sin tarlú le toil na dtuismitheoirí nó de réir ordú cúirte.

Nuair atá an mheasúnóireacht curtha i gcrích cuirtear plean le chéile maidir leis an gcaoi is fearr le déileáil leis an gcás. D'fhéadfadh moltaí maidir le comhairleoireacht, teiripe nó seirbhísí taca don pháiste nó don teaghlach a bheith mar chuid den phlean. D'fhéadfadh gurb é an bord sláinte nó áisínteacht eile a chuirfeadh na seirbhísí sin ar fáil. I roinnt cásanna d'fhéadfadh sé go mbeadh glacadh an pháiste faoi chúram an bhoird sláinte mar chuid den phlean. D'fhéadfadh sin tarlú le toil na dtuismitheoirí nó trí eisiúint ordú cúraim tar éis cúirte. Leanfaidh an t-oibrí sóisialach ag obair leis an leanbh agus leis an teaghlach fhaid is atá an páiste faoi chúram an bhoird sláinte. Is faoi na tuismitheoirí nó faoin mbord sláinte é a iarraidh go gcuirfí an t-ordú cúraim ar ceal.

Sa chás go gceapfadh an Bord Sláinte go bhfuil drochíde fhisiciúil nó drochíde ghnéis á thabhairt ar pháiste nó go bhfuiltear ag déanamh faillí in aon turas i gcúram linbh, cuirfear sin in iúl do na Gardaí.

Cumhacht Fiosrúcháin an Oibrí Shóisialaigh

Tá foinsí éagsúla a chuireann cásanna faoi bhráid bord sláinte, ina measc teaghlaigh, comharsana, agus daoine gairmiúla a bhíonn ag obair le páistí. Nuair a chuirtear cás faoina bhráid, déanfaidh oibrí sóisialach seiceáil le daoine gairmiúla eile chun eolas a bhailiú maidir le cúinsí an teaghlaigh. Labhróidh sé ansin leis na tuismitheoirí nó na coimeádaithe leis na líomhaintí mí-úsáide a phlé. Ní gá go dtabharfaí cead isteach sa teach don oibrí sóisialach. Má dhiúltaíonn tuismitheoirí nó coimeádaithe comhoibriú leis d'fhéadfadh bac a bheith ar an bhfiosrúchán go dtí go dtiocfadh tuilleadh fianaise chun cinn.

Caithfidh tuismitheoirí nó coimeádaithe cead a thabhairt freisin sular féidir agallamh nó scrúdú dochtúra a chur ar pháiste. Dá réir sin ní fhéadfadh oibrí sóisialach teacht chun na scoile le hagallamh a chur ar an leanbh i ngan fhios dóibh.

Comhdháil Cáis

Fóram eolais agus socraithe atá i gcomhdháil cáis. Is cuid lárnach í den bhainistíocht idlisplíne a dhéantar ar chásanna mí-úsáide leanaí. Is iondúil go mbíonn an Stiúrthóir Cúraim Pobail nó a ionadaí i láthair chomh maith le Oibrí Sóisialach Sinsearach, an tOibrí Sóisialach atá ag plé leis an gcás, agus daoine eile má tá baint acu leis an gcás - Gardaí, Oifigeach Ceangail le hÓgánaigh, Altraí Pobail srl. Tugtar cuireadh go minic anois freisin do thuismitheoirí chuig cuid den chomhdháil cáis nó chuici ar fad. D'fhéadfadh sé go n-iarrafaí ar mhúinteoir a bheith i láthair le plé a dhéanamh ar pháiste ina rang agus/nó tuairisc scríofa a sholáthar. Má iarrtar ar mhúinteoir a bheith i láthair ag comhdháil cáis, caitear cead a fháil ón mBord Bainistíochta chun freastal uirthi. Faoi láthair ní thugann an Roinn Oideachais cead múinteoir ionadaíochta a chur isteach ina leithéid de chás. Socraítear clár aontaithe gníomhaíochtaí bunaithe ar an bplé idir na daoine gairmiúla ar fad ag an gcomhdháil cáis. Roinntear amach an obair agus cuirtear oibríthe áirithe ina bun. Socraítear dáta ar a ndéanfar athbhreithniú ar an dul chun cinn.

Leanaí faoi Chúram

Bíonn obair idirghabhála dírithe go hiondúil ar an leanbh a fhágáil sa teaghlach más féidir chor ar bith é. Ní ghlactar cúram linbh de réir ordú cúirte ach amháin nuair a shíltear sin a bheith riachtanach lena chosaint. D'fhéadfadh go mbeadh cúram leanaí ar bhord sláinte mar chuid de phlean a aontaíodh leis na coimeádaithe (cúram deonach). Más gá leanbh a thógáil in aghaidh thoil na gcoimeádaithe, iarrann an Bord Sláinte Ordú Cúraim Éigeandála ar an gcúirt dúiche faoinar féidir an leanbh a thógáil faoi chúram an Bhoird Sláinte go dtí gur féidir iarratas ar Ordú Cúraim a mheas. Fanfaidh go leor de na páistí a bhíonn faoi chúram an Bhoird Sláinte de réir Ordú Cúraim faoi chúram an bhoird go mbeidh 18 bliana slán acu. Tiocfaidh roinnt acu ar ais lena dteaghlach féin má bhíonn laghdú ar an gcontúirt agus más féidir a gcúram agus a gcosaint a chinntiú.

Fhaid is atá leanbh faoi chúram an bhoird cuirfear oibrí sóisialach ag obair leis féin agus lena mhuintir. Is iondúil go mbíonn caidreamh idir an leanbh agus an teaghlach. D'fhéadfadh sé go n-iarrafaí ar mhúinteoir an pháiste tuairisc a sholáthar ó am go chéile a phléifí agus athbhreithniú á dhéanamh ar dhul chun cinn an pháiste. Bíonn múinteoirí i láthair agus athbhreithniú den chineál sin ar siúl más mór i gceist cúrsaí oideachais. (Féach Children in Care - What Schools Need to Know, Bord Sláinte an Oirthir/ Bord Sláinte an Iarthair, 1998).

AGUISÍN A

Oiliúint CCDP do Thuismitheoirí

Ta ról lárnach ag na tuismitheoirí sa chlár Bí Sábháilte. Caithfidh tuismitheoirí machnamh a dhéanamh conas is féidir leo a gcuid leanaí a chosc ó dhrochíde. Caithfidh siad an t-ábhar atá clúdaithe sna ceachtanna Bí Sábháilte a thabhairt chuig a gcuid leanaí féin ar bhealach a dhéanfaidh pearsanta dóibhsean é.

Leagan amach d'Oiliúint CCDP do Thuismitheoirí

Aidhm: Tuismitheoirí a spreagadh chun ról gníomhach a ghlacadh maidir lena gcuid leanaí a chosc ó dhrochíde. Leis an aidhm sin a bhaint amach -

- Tugtar eolas fíorasach do thuismitheoirí i dtaobh bulaíochta agus drochíde ar leanaí.
- Tugtar deis do thuismitheoirí eolas a chur ar an gclár Bí Sábháilte.

Ráiteas Oscailte: Tugann an Príomhoide/múinteoir cuntas ar phlean na scoile faoi Bí Sábháilte a chur i bhfeidhm

A. Obair is féidir leat a dhéanamh le do leanbh sula múintear an clár Bí Sábháilte dóibh (féach Réamhobair/Obair Chomhthreomhar sna ceachtanna Bí Sábháilte)

- Mothúcháin a chur in iúl
- Féin-mheas
- Teanntás
- Teorainneacha Pearsanta agus Spás Coirp
- Foclóir Sábháilteachta

Tabhair faoi deara: B'fhéidir gur mhaith le scoileanna áirithe cruinniú ar leith a reachtáil faoi na hábhair seo.

B. Ceachtanna Bí Sábháilte (féach pleananna ceachta cuí)

Cúlra gairid a chur le chéile faoi Bí Sábháilte. Is comhfhiontar é idir an Roinn Oideachais agus an Roinn Sláinte.

Cúig Thopic Lárnacha de chuid Bí Sábháilte

1. Mothú na sábháilteachta agus mothú na neamhshábháilteachta

- Ag cabhrú le leanaí a aithint cén uair a bhíonn siad sábháilte agus cathain nach mbíonn.
- Is mothúchán “Maith” é mothú na sábháilteachta, is mothúchán “Dona” é mothú na neamhshábháilteachta.

- Scileanna a thabhairt do leanaí chun déileáil le cásanna éigeandála coitianta ar nós a bheith ag gabháil amú.

2. Cairdeas agus bulaíocht

- An tábhacht a bhaineann le cairde i saol na leanaí.
- Cad ba cheart a dhéanamh i dtaobh bulaíochta. Ní orts a bhíonn an locht má imrítear bulaíocht ort.
- Na rialacha Bí Sábháilte: Abair “Stop/Ní dhéanfaidh mé”, imigh leat agus inis faoi.
- An tábhacht a bhaineann le gan bulaíocht a imirt ar dhaoine eile.

- Lucht faire agus an bhulaíocht.

3. Teagmháil coirp

- Meas ar ghnáthchion cuí.
- Teagmháil coirp a thaitníonn le leanaí.
- Teagmháil coirp nach dtaitníonn le leanaí.
- Teagmháil coirp agus rúndacht.
- Na rialacha sábháilteachta de chuid Bí Sábháilte.

4. Rúin agus ag insint

- Rúin atá go maith agus rúin nach bhfuil go maith a aithint.
- Ag insint do dhaoine fásta iontaofa faoi aon fhadhb a bheadh ag leanbh.
- Cén uair, cén áit agus cén chaoi is ceart insint.
- Ag insint faoi mhothúchán “Dona” fiú más duine a bhfuil aithne agat air/uirthi atá i gceist.

5. Strainséirí

- Míthuisicintí a bhíonn ar leanaí i dtaobh strainséirí.
- Rialacha sábháilteachta de chuid Bí Sábháilte.
- Ag déileáil go teanntásach le tairiscintí ó strainséirí.

C. Taispeáin ábhair theagaisc.

- 4 lámhleabhar ceachtanna: naíonáin shinsearach; rang 1/2; rang 3/4; rang 5/6.
- Bileoga Oibre: Gabhann roinnt bileoga oibre le gach ceacht. Ba cheart na bileoga seo a úsáid mar obair bhaile ó cheart. Tá spás i ngach bileog oibre le haghaidh síniú tuismitheora nó cosantóra. Iarrtar ar na tuismitheoirí leas a bhaint as na bileoga oibre chun an toipic a

AGUISÍN A

phlé lena gcuid leanaí. Tá roinnt moltaí i lámhleabhar na dtuismitheoirí conas tabhairt faoi seo. Sa tslí sin, bíonn eolas níos fearr ag tuismitheoirí ar a bhfuil á fhoghlaim ag a gcuid leanaí agus bíonn deis acu na ceachtanna a dhéanamh pearsanta dá gcuid leanaí féin, rud nach féidir a dhéanamh sa seomra ranga

- Téip cheoil.
- Fistéip ranga 1-4.

D. Eolas fíorasach i dtaobh bulaíochta agus drochíde ar leanaí (féach Bí Sábháilte - Eolas do Thuismitheoirí)

- Cur síos ar bhulaíocht agus drochíde ar leanaí.
- Fairsinge na faidhbe
- Comharthaí sóirt agus éifeachtaí. Féach “Bí Sábháilte - Eolas do Thuismitheoirí”

Focal Scoir: Athluaigh an dáta a mbeidh an scoil ag tosú ar an gclár agus cuir béim ar an tábhacht a bhaineann le ról na dtuismitheoirí.

Ceisteanna agus Freagraí.

AGUISÍN B

CRUINNIÚ TUISMITHEOIRÍ AGUS MÚINTEOIRÍ

Ceisteanna a chuireann tuismitheoirí go minic agus na freagraí a mholtar.

Nach mbeidh leanaí i mbaol éigin i gcónaí cuma cad a mhúinfear dóibh?

Beidh, is fíor sin is baolach. Ní féidir leanaí a chosaint an t-am ar fad. Mar sin féin, cruthaíonn torthaí taighde gur lú an baol do leanaí ar tugadh oiliúint dóibh i scileanna sábháilteachta. Is fearr le lucht na mí-úsáide i gcónaí piocadh ar leanaí nach n-inseoidh dar leo orthu agus nach gcuirfidh go tréan ina gcoinne.

An gcaillfidh leanaí muinín i ndaoine fásta má mhúintear dóibh diúltú do dhaoine a bhfuil aithne acu orthu?

Ní chaillfidh. Múintear dóibh go bhfuil formhór na ndaoine lániontaofa agus gur daoine fásta a thabharfaidh cosaint agus cabhair dóibh. Múintear dóibh a insint do dhuine fásta má bhíonn aon ní ag cur as dóibh, nó má bhíonn imní nó eagla orthu.

An bhfuil baol ann go nglacfaidh leanaí scáth roimh chion d'aon saghas a thaispeáint nó a ghlacadh fiú amháin óna dtuismitheoirí?

Tá leanaí grámhar, ceanúil ó nádúr agus bíonn gá acu le grá agus cion a fháil ar ais. Arís agus arís le linn cheachtanna Bí Sábháilte meabhraítear do leanaí gur cuid álainn nádúrtha den ghrá a léiríonn tuismitheoirí dóibh an bharróg agus an phóg agus an teagmháil. Níl ann ach go múintear do leanaí a insint do dhuine éigin má chuireann teagmháil mearbhall nó míshuaimhneas orthu, nó má iarrann duine éigin orthu teagmháil coirp a choimeád faoi rún. Ní iarrfaidh a dtuismitheoirí orthu barróg a choimeád faoi rún ná an phóg a thugann siad dóibh istoíche.

An leor rabhadh a thabhairt do leanaí i dtaobh strainséirí?

Ní leor. I bhformhór na gcásanna bíonn aithne ag na leanaí ar an gciontóir agus iontaobh acu as/aisti.

An gcuirfidh an clár scanradh ar na leanaí?

Úsáidtear cur chuige an-séimh sa chlár Bí Sábháilte ar shlí nach gcuirtear scanradh ar leanaí. Tá faighte amach againn gur bhain na leanaí sult as na ceachtanna agus go raibh siad ag tnúth leo. Má bhíonn fhios ag leanaí gur féidir leo rud éigin a dhéanamh chun iad féin a choimeád sábháilte, beidh siad níos muiníní astu féin. Níl aon mhionsonraí follasacha faoin drochíde féin sna ceachtanna ná ar an bhfistéip. Níl ann ach go múintear do leanaí a insint do dhuine éigin má chuireann teagmháil mearbhall nó míshuaimhneas orthu.

Nach mbeadh leanbh i mbaol foréigin dá gcuirfeadh sé/sí i gcoinne na drochíde?

Ní mholann an clár seo do leanaí cur i gcoinne na drochíde le foréigean fisiceach mar go bhféadfadh sé seo na leanaí a chur i mbaol. Tá an bhéim ar a mhúineadh do leanaí gur cheart dóibh cabhair a lorg trína insint do dhuine fásta faoin rud a tharla.

An bhfuil an baol ann má mhúintear do na leanaí “Ní dhéanfaidh mé” a rá go gcothóidh sé sin spiorad na heasumhlaíochta iontu?

Níl. Déantar an-soiléir le linn na gceachtanna an difear atá idir “Ní dhéanfaidh mé” a rá le strainséir nó le teagmháil coirp nach dteastaíonn agus “Ní dhéanfaidh mé” a rá le gnáth-achainí óna gcuid tuismitheoirí agus óna gcuid múinteoirí. Ní chun tairbhe aon duine againn é go múiní dóibh a bheith easumhal.

Cad faoi leanaí a chuirfeadh drochíde ghnéis i leith duine fásta go héagórach le sásamh a bhaint amach de bharr léasadh teanga nó boiseog a tugadh dóibh?

Is fíor annamh a insíonn leanaí bréag i dtaobh drochíde ghnéis a bheith tugtha dóibh. Nuair a tharlaíonn sé sin tá sé éasca go leor do shaineolaí é a aithint. De ghnáth ní bhíonn an foclóir ná an taithí ag leanaí chun cur síos a dhéanamh ar dhrochíde ghnéis. Is túisce go mór a tharraingeodh páiste siar an méid a bheadh inste aige/aici le ciontóir a chosaint. Má tharlaíonn sé go gcumann leanbh scéal bréagach i dtaobh drochíde ghnéis is comhartha é sin go bhfuil fadhbanna móra ag an leanbh.

Cén fáth gur le déanaí atá fadhb na drochíde ghnéis á plé? An coir é a tháinig chun cinn le déanaí?

Tá drochíde ghnéis á tabhairt do leanaí ó thosach ama. Níor tosaíodh ar phlé oscailte a dhéanamh ar an bhfadhb áfach go dtí le gairid. I staidéar a rinneadh in Éirinn le déanaí thuairisc bean as gach seachtar agus fear as gach deichniúr gur fhulaing siad drochíde ghnéis (IMS/ISPC 1993). Bhí ó mhíoneachtraí go tréimhsí fada d'fhíor-drochíde leanúnach i gceist. Ní fíor a rá mar sin gur rud nua atá ann. De bharr go bhfuil an t-ábhar á plé go hoscailte anois tá sé níos éasca ar dhaoine a d'fhulaing labhairt amach faoi.

Abair go bhfuil leanbh sa rang ar tugadh drochíde ghnéis dó/di roimhe seo? Conas a mhothóidh sé/sí le linn an chlár?

Beidh a fios acu gur féidir leo rud éigin a dhéanamh chun stop a chur leis an drochíde. Beidh a fhios acu chomh maith go bhfuil leanaí eile sa chás céanna. Tá an-seans ann go n-inseoidh siad faoin drochíde - cé nach dtarlóidh sé sin láithreach.

AGUISÍN B

CRUINNIÚ TUISMITHEOIRÍ AGUS MÚINTEOIRÍ

An n-iompaíonn gach leanbh ar tugadh drochíde dóibh amach ina c(h)iontóir é/í féin?

Ní fíor é sin in aon chor. Tá an-chumas chun téarnaimh i leanaí. Éiríonn le go leor leanaí ar tugadh drochíde ghnéis dóibh agus iad óg a bheith ina dtuismitheoirí grámhara geanúla amach sa saol.

Uaireanta bíonn blas gnéis ar ar bplé a bhíonn ag leanaí lena chéile. An rud nádúrtha é sin? An fíor go dtugann leanaí drochíde ghnéis do leanaí eile?

Tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir spraoi a mbeadh blas áirithe gnéis uirthi i measc leanaí ar chomhaois agus an rud is drochíde ghnéis ann i ndáiríre. Léiríonn cailíní agus buachaillí beaga ón 4 go 6 bliana d'aois fiosracht áirithe i leith na ndifríochtaí eatarthu agus bíonn sin le sonrú le linn spraoi m.sh. cluiche dochtúirí agus banaltraí. Ach má bhíonn bearna de thrí bliana nó níos mó idir na leanaí atá ag gabháil de chluiche den saghas sin nó má bhíonn bagairtí nó ansmacht i gceist, ansin níor mhiste cuimhneamh ar dhrochíde ghnéis. Braitheann sé cuid mhaith chomh maith ar leibhéal na gníomhaíochta gnéis sa spraoi a bhfuil drochíde ghnéis ar bun nó díreach gnáthshúgradh a léiríonn suim na leanaí i gcolainn a chéile.

AGUISÍN C

A Thuismitheoir a chara,

Tá beartaithe againn clár oideachais sábháilteachta pearsanta ar a dtugtar Bí Sábháilte a mhúineadh sa scoil. (Nó, Is é polasaí na scoile é an clár Bí Sábháilte a mhúineadh do ranganna áirithe gach bliain.) Is é an aidhm atá ag an gclár Bí Sábháilte ná scileanna sábháilteachta pearsanta a mhúineadh do na leanaí le go mbeidh siad in ann aire a thabhairt dóibh féin ar ócáidí a bheadh contúirteach nó a chuirfeadh as dóibh. Ar dtús, pléann an clár ócáidí coitianta a bhaineann le formhór na leanaí ina saol m.sh. ag dul amú, bulaíocht. Chomh maith leis sin, múineann an clár na scileanna sábháilteachta atá ag teastáil ó leanaí chun iad féin a chosaint ó dhrochíde choirp agus ó dhrochíde ghnéis. Go bunúsach, múineann an clár do leanaí insint do dhuine fásta faoi aon ní a bheadh ag cur as dóibh.

Is comhfhiontar é an clár Bí Sábháilte idir an Roinn Oideachais agus an Roinn Sláinte agus tá tacaíocht na bpáirtnéirí go léir san Oideachas aige. Tá comhoibriú idir múinteoirí agus tuismitheoirí riachtanach chun go n-éireoidh leis an gclár.

Tá sé tábhachtach go mbeidh eolas ag tuismitheoirí ar a bhfuil i gceachtanna Bí Sábháilte agus go mbeidh siad in ann na ceachtanna a phlé lena gcuid leanaí. Chuige sin, tá cruinniú eagraithe againn, áit a ndéanfar mionphlé ar a bhfuil sa chlár.

Beidh an cruinniú ar siúl i

ag

Beimid ag súil go mór le do chomhluadar.

Le dea-mhéin,

AGUISÍN D

FOIRM THOILTHE DO THUISMITHEOIRÍ

- IS MIAN LIOM go nglacfadh mo leanbh páirt sa chlár BÍ SÁBHÁILTE.
- NÍ MIAN LIOM go nglacfadh mo leanbh páirt sa chlár BÍ SÁBHÁILTE.

AINM(NEACHA) AN LINBH/NA LEANAÍ

SÍNÍÚ AN TUISMITHEORA _____

An bhfuil tú ag iarraidh aon ní a rá -

TAGAIRTÍ

Besag, V.E. (1989) *Bullies and Victims in Schools*, Milton Keynes: Open University Press.

Briggs, F. (1995). *Developing Personal Safety Skills in Children with Disabilities*. London: Jessica Kingsley.

Byrne, B. (1993). *Coping with Bullying in School'*, Baile Átha Cliath: Columba Press.

An Roinn Oideachais (1991). *Procedures for Dealing with Allegations or Suspicions of Child Abuse*. Baile Átha Cliath, Foilseacháin an Rialtais. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais.

An Roinn Oideachais (1993). *Guidelines on Countering Bullying Behaviour in Primary and Post Primary Schools*. Baile Átha Cliath, Foilseacháin an Rialtais.

An Roinn Oideachais (1995). *Report on the Survey of the Child Abuse Prevention Programme (Stay Safe)*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais.

An Roinn Sláinte (1987). *Child Abuse Guidelines*. Baile Átha Cliath, Foilseacháin an Rialtais.

Bord Sláinte an Oirthir/Bord Sláinte an Iarthair (1998). *Children in Care - What Schools Need to Know*.

Gillham, B. (1991) *The facts about child sexual abuse*. London: Cassell.

I.M.S./I.S.P.C.C. (1993). *Childhood experience and attitudes*.

I.N.T.O. (1995). *Enhancing Self-Esteem*. Foilseachán de chuid an I.N.T.O.

I.N.T.O. (1996). *Guidance for Teachers*. Foilseachán de chuid an I.N.T.O.

Irish Medical Times (1994). *Irish Medical Times*, Iml. 28, 18 Samhain, 1994.

Iwaniec, D. (1995). *The Emotionally Abused and Neglected Child*. Chichester, Wiley.

Kempe, H.C. (1978). *Sexual abuse, another hidden pediatric problem*. *Pediatrics*, 1978, 62: 382-389.

Law Reform Commission Report (1989) *Report on Child Sexual Abuse*. Baile Átha Cliath, Law Reform Commission.

Mc Keown, K., & Gilligan, R. (1991). *Child sexual abuse in the Eastern Health Board region of Ireland: An analysis of 512 confirmed cases*. *Economic and Social Review*, 22, 101-134.

Mitchel, J. and O'Moore, M. (1988) in *Report of the European Teachers Seminar on Bullying in Schools*, Strasbourg: Council for Cultural Cooperation.

N.C.C.A. (1997). *Social, Personal and Health Education: Draft Curriculum for Primary Schools*.

O'Moore, M. (1994). *Sticks and Stones handbook on bullying*. Sticks and Stones Theatre Company.

Olweus, D. (1992). *Bullying at School: What we know and what we can do*. Blackwell Press.

Report of the *Kilkenny Incest Investigation* (1993). Baile Átha Cliath, Foilseacháin an Rialtais.

Art in the Classroom. The Irish Times.

Bí Sábháilte . Clár Scoile de chuid an Gharda Síochána.

Bullying - A Resource Guide for Parents and Teachers. Vivette O'Donnell, (1995) Attic Press, Baile Átha Cliath.

Coping with Bullying in Schools, Brendan Byrne, (1993) Baile Átha Cliath: Columba Press

Enhancing Self-Esteem. (1995) Foilseachán de chuid an I.N.T.O.

Meeting the Needs of Children with Social and Emotional Problems. (1995) Foilseachán de chuid an I.N.T.O.

Music in the Classroom. The Irish Times.

Personal Safety Skills for Children with Learning Difficulties. Child Abuse Prevention Programme (1996).

Quality Circle Time in the Primary Classroom. J. Mosley, (1996) Cambridge LDA.

Sticks and Stones handbook on bullying. Sticks and Stones Theatre Company (1994).

The Listening School, Part 1 and 2. Patrick Dymond and Jane Gilmore. 1993 and 1994 Links Education Publications. Shropshire, United Kingdom.

The Co-operative Classroom. Patrick Dymond and Jane Gilmore. 1993 and 1994 Links Education Publications. Shropshire, United Kingdom.

The Willow Street Kids. Michelle Elliot. (1986) Piccolo Books, London.

Turn your School Round. J. Mosley. (1993) Cambridge, LDA.

EAGRAÍOCHTAÍ

Anti-Bullying Centre

Resource and Research Unit, Seomra 3125

An Roinn Oiliúint Múinteoirí, Foirgneamh na nDán, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath 2

Barnardos

Christchurch Square, Baile Átha Cliath 8, Teil. (01) 4530355

Eagraíocht í Barnardos a chuireann roimpi feabhas a chur ar shaol pháistí trí réimse seirbhísí a chur ar fáil dóibh féin agus dá muintir.

Campaign Against Bullying

72 Lakelands Ave, Stigh Lorcáin, Co. Bhaile Átha Cliath. Teil. (01) 288 7976

Eagraíocht dheonach í C.A.B. a chuireann eolas ar fáil agus a thugann tacaíocht agus comhairle maidir le bulaíocht d'fhulaingeoirí agus dá muintir.

C.A.R.I. Foundation

110 Bóthar Dhrom Conrach Íocht., Baile Átha Cliath. Teil. 830 8529

2 Bóthar Gharraí Eoin, Luimneach. Teil. 061 413331/310708

Cuireann an CARI Foundation seirbhísí ar fáil do dhaoine a d'fhulaing drochíde agus do na daoine eile sa teaghlach nach iad a thug an drochíde.

Child Abuse Prevention Programme

Bridge House, Cherry Orchard Hospital, Baile Fhearmaid, Baile Átha Cliath 10. Teil. 6206347.

Childline

Saorfón: 1-800 666 666

Seirbhís a ritheann an ISPCC ar mhaithe le páistí atá i dtrioblóid nó i gcontúirt.

Disability Federation of Ireland

2 Sandyford Office Park, Baile Átha Cliath 18.

Teil: (01) 295 9344

Employee Assistants - Welfare Service for Teachers

Féach Ionaid Oideachais Áitiúla

Garda - Domestic Violence & Sexual Assault Investigation Unit

Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Teil. (01) 4755555 Fo-líne 3435

Cuireann an tAonad seo seirbhís eolais agus comhairle ar fáil don phobal. Déanann sé monatóireacht agus maoirseoireacht ar fhiosrúcháin ar fud na tíre maidir le mí-úsáid ghnéis agus foréigean teaghlaigh.

Irish Society for Prevention of Cruelty to Children

Teil: (01) 679 4944

Is eagraíocht cosanta páistí an I.S.P.C.C. atá dírithe ar pháistí agus a bhfuil d'aidhm aige an ceart atá ag gach páiste a n-óige a chaitheamh go sábháilte a chinntiú.

Bord Sláinte Áitiúil

Ba cheart é a chur in iúl don Bhord Sláinte áitiúil má tá imní ort faoi an saol atá ag páiste nó go mbeadh an chontúirt ann go dtabharfaí drochíde air. Tá uimhreacha na mBord Sláinte áitiúla le fáil ar na leathanaigh uithne sa leabhar teileafóin.

Parentline

Carmichael House, Sráid Brunswick Thuaidh, Baile Átha Cliath 7.

Teil: (01) 873 3500

Cuirtear líne teileafóin ar fáil trína bhfuil teacht ag tuismitheoirí ar chomhairle agus ar chabhair nuair a theastaíonn sin uathu.

Rape Crisis Centre

Cuireann an Rape Crisis Centre comhairleoireacht ar fáil dóibh siúd a d'fhulaing éigniú nó ionsaí gnéis. Tá an uimhir áitiúil le fáil sa leabhar teileafóin áitiúil.

Sticks and Stones Theatre Company

19 Cearnóg Watkins, The Coombe, Baile Átha Cliath 8.

Teil: (01) 2807065

Team Educational Theatre Company.

4 Marlborough Place, Baile Átha Cliath 1.

Teil: (01) 8786108

Victim Support

29/30 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2. Teil: (01) 679 8673

Cuidíonn Victim Support le daoine déileáil le fulaingt coire. Cuirtear comhairle, cúnaimh agus tacaíocht ar fáil d'aon duine a d'fhulaing de bharr coire.